Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2005

Don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

De réir cheanglais an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991, is mór an onóir dom é Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Cuntais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch a chur i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005.

Eugene T Kennedy
Cathaoirleach

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach, Cluain Sceach, B.Á.C. 14.
Teileafón: 01-2697766. Facs: 01-2697437. Suíomh Gréasáin: www.rpii.ie

Ráiteas Misin

"Daoine a chosaint ar éifeachtaí dochracha na radaíochta ianaíche, idir radaíocht nádúrtha agus radaíocht shaorga, trí rialú éifeachtach a bheith i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshaol agus comhairle thráthúil chruinn a sholáthar don phobal agus don Rialtas."

An Clár

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	4
Tosaíochtaí Straitéiseacha don RPII	6
Seirbhísí Rialála	7
Seirbhísí Monatóireachta agus Tomhais Radaíochta	10
Seirbhísí Comhairleacha	13
Seirbhísí Corparáideacha	18
Baill an Bhoird	20
Struchtúr na Foirne agus na Bainistíochta Sinsearaí	20
Coistí Comhairleacha	21
Ráitis Airgeadais	22

Ráiteas An Chathaoirligh

Is cúis áthais dom é Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2005 na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch a chur i láthair. Ceapadh mé i mo Chathaoirleach ar an RPII i mí Lúnasa 2006, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo réamhtheachtaí, An Dr Frank Mulligan, as a cheannaireacht, a dhíograis agus an méid a rinne sé ar son an RPII agus ar son cúrsaí cosanta raideolaíochta in Éirinn.

Céadcheapadh an Dr Mulligan ina bhall Boird i 1997 agus bhí sé ina Chathaoirleach ó mhí Dheireadh Fómhair 1999 go dtí mí Feabhra 2006. Le linn chathaoirleacht an Dr Mulligan, d'éirigh leis an RPII a dhea-cháil a dhaingniú, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, mar eagraíocht neamhspleách, eolaíochta atá ar a dícheall chun na caighdeáin is airde um chosaint raideolaíoch a bhaint amach. Is fianaise an méid seo ar shárscileanna straitéiseacha agus ar shárcheannaireacht an Dr Mulligan.

Bhí an Ráiteas Straitéis a ceapadh don tréimhse 2005 go 2007 mar chloch mhíle shuntasach don eagraíocht. Cé nach bhfuil na bunhphrionsabasil ar a bhfuil cosaint radaíochta bunaithe tar éis athrú le blianta beaga anuas, tá athrú tagtha ar an timpeallacht ina bhfuil gá againn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann leis. Mar shampla, cé gur díríodh i gcónaí riamh ar shábháilteacht agus ar shlándáil na bhfoinsí radaíochta agus go raibh siad mar bhunchloch ag an gcreat rialála a bhain leis na cúrsaí sin, chuir an tubaiste a tharla ar an 11 Meán Fómhair 2001 orainn féachaint arís ar an gcúis imní a bhaineann le slándáil na bhfoinsí agus na n-ábhar radaighníomhach. Tugadh faoi roinnt mhaith saintionscnamh ar bhonn idirnáisiúnta, lena n-áirítear Treoir an AE *High-Activity Sealed Sources and Orphan Sources Directive* a trasuíodh go nDlí na hÉireann i mí na Nollag 2005. An aidhm atá ag an Treoir seo ná a chinntiú go mbeidh leibhéal ard rialaithe ann do na foinsí is guaisí. In oirchill cheanglais na Treorach seo, chuir an RPII tús le clár mar ar tugadh faoi iniúchtaí, ag díriú go háirithe ar shlándáil. Tá sé beartaithe leathnú a dhéanamh ar an gclár sin sna blianta amach anseo. Táthar ag smaoineamh ar shaoráid stórála dramhaíola láraithe a bheith ann mar chuid den bhonneagar náisiúnta chun foinsí radaíochta atá as úsáid a bhainistiú, maille le foinsí ar a dtugtar foinsí deibhleáin. Cé go bhfuil a fhios againn gur casta an cheist í seo, tá imní ar an RPII go bhfuil an dul chun cinn ar an gceist chomh mall sin.

Ar cheann de na cúiseanna imní atá ar an bpobal tar éis imeachtaí an 11 Meán Fómhair 2001 tá níos mó eagla ar dhaoine anois go ndéanfadh sceimhlitheoirí ionsaí ar fhóntais núicléacha. Le linn 2005, ghlac an RPII páirt i gcleachtadh a bhí ann ar an bPlean Éigeandála Náisiúnta le haghaidh Taismí Núicléacha (NEPNA). Dhírigh sé seo ar chur i bhfeidhm frithbhearta talmhaíochta agus srianta ar bhia sa chás go dtitfeadh taisme núicléach amach. Tá an t-ullmhúchán agus an rannpháirtíocht i gcleachtaí dá leithéid thar a bheith tábhachtach mar go leagtar béim dá bharr ar na saincheisteanna réalaíocha a bheadh i gceist agus na bearta praiticiúla a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun maolú a dhéanamh ar iarmhairtí na taisme. Déanaimid ár ndícheall i gcónaí a bheith in ann comhairle mhaith, bunaithe ar an eolaíocht, a sholáthar chun cur leis an NEPNA.

Ó cuireadh i bhfeidhm an córas ceadúnaithe sna 1970í déanacha, rinne an RPII a dhícheall a chinntiú go dtéitear i mbun gach gníomhaíochta ina n-úsáidtear radaíocht ianaíoch ar bhealach sábháilte. Toisc an fhorbairt thar na bearta atá tagtha ar radaiteiripe agus ar na seirbhísí diagnóiseacha eile ina n-úsáidtear radaíocht ianaíoch le blianta beaga anuas, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, tá dúshlán suntasach i ndán don RPII agus oibreoidh an eagraíocht leis na gníomhaireachtaí ábhartha uile chun a chinntiú go seastar leis na hardchaighdeáin atá ar bun cheana féin.

Cuid thábhachtach den obair a bhí idir lámha ag an RPII ó na 1990í luatha i leith ná á chlár chun a mhéid atá pobal na hÉireann faoi lé radóin a laghdú, sa teach cónaithe agus ar an láthair oibre araon. Le linn 2005, tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ar mar atá cúrsaí i dtithe cónaithe agus léirigh sé seo cé gur tomhaiseadh leibhéil radóin sna mílte teach, tá an líon teach a

aimsíodh le leibhéil arda fós an-íseal, agus é ag 5%, i gcomparáid leis an líon a measadh a aimseofaí. Ag gníomhú de réir saintaithí i dtíortha eile, a léiríonn gur cur chuige ilghníomhaireachta an cur chuige is éifeachtaí, chuir an RPII dréacht de Phlean Gníomhaíochta faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ina bhfuil cur síos ar roinnt tionscnamh atá dírithe ar níos mó de na tithe cónaithe le leibhéil arda radóin a aimsiú. Ní mór feidhmiú go práinneach ar an gceist, mar a léiríonn staidéar Eorpach a rinneadh ar an gceist a foilsíodh le linn 2005 agus a dheimhníonn go bhfuil ailse scamhóg mar thoradh ar bheith faoi lé radóin sa teach. Táthar ag tnúth go mór le freagra an Aire ar an dréacht-Phlean Gníomhaíochta.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Dr William Blunnie, thar mo cheann féin agus thar ceann bhaill eile an Bhoird. D'éirigh an Dr Blunnie as mar bhall Boird i mí Mheán Fómhair tar éis 5 bliana seirbhíse. Mar ainmní de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis, chuir an Dr Blunnie go mór le hobair an RPII. Cuirim fíorchaoin fáilte roimh an Dr Michael Hurley a tháinig i gcomharba air ar an mBord.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin d'fhoireann an RPII as a ndíograis agus as chomh gairmiúil is a bhíonn siad i gcónaí agus do na Coistí Comhairleacha a oibríonn ar bhonn deonach chun cuidiú leis an RPII a chuid oibre a chur i gcrích.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas an RPII a chur in iúl don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, An tUasal Dick Roche, TD, as an tacaíocht agus an spreagadh a thugann sé dúinn. Tá an RPII go mór faoi chomaoin ag oifigigh na Rannóige um Shábháilteacht Núicléach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil as a lánchomhoibriú i rith na bliana. Chomhoibrigh ranna Rialtais eile, institiúidí tríú leibhéal agus eagraíochtaí seachtracha leis an RPII le linn 2005, agus táimid fíorbhuíoch as an gcomhoibriú sin chomh maith.

Eugene T Kennedy
Cathaoirleach

D'oibrigh an RPII chun a chinntiú go ndeachthas i mbun na ngníomhaíochtaí uile inar úsáideadh radaíocht ianaíoch, ar bhealach sábháilte.



Ráiteas An Prhíomhfheidhmeannaigh

Bhí 2005 thar a bheith tábhachtach mar bhliain don RPII ar bhonn eagraíochtúil agus ó thaobh a chláir oibre de. Ag tús na bliana, rinneadh athstruchtúrú ar an eagraíocht, ag teacht leis na moltaí a rinneadh in athbhreithniú na heagraíochta in 2004. Toisc an struchtúr nua – is é sin ceithre rannóg agus stiúrthóir i bhfeighil gach rannóige – is féidir leis an RPII a fhreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh ar bhonn níos sásúla. Cé nár cuireadh an struchtúr nua i bhfeidhm go dtí le déanaí, cheana féin bhíothas ábalta seirbhísí a sholáthar ar bhonn níos éifeachtaí agus a bheith níos solúbtha ag freagairt d'imeachtaí seachtracha.

Ag tús na bliana, cuireadh i gcrích Ráiteas Straitéise an RPII don tréimhse 2005 go 2007, agus ainmníodh ceithre thosaíocht. Ceann de na tosaíochtaí sin ná go ndéanfaidh an RPII a dhícheall pobal na hÉireann a chosaint ar éifeachtaí dochracha na radaíochta ianaíche trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshaol, trí rialú a dhéanamh ar chúrsaí radaíochta agus trí chomhairle a chur ar fáil. Ag teacht leis an gclár oibre um nuachóiriú sa tseirbhís phoiblí, chuir an RPII tosaíochtaí eile roimhe a bhaineann le seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil do chustaiméirí, feidhmiú ar bhonn níos éifeachtaí agus níos críochnúla, agus díriú níos mó ar fhorbairt foirne. Ceapadh clár oibre do gach rannóg ar leith chun go bhféadfaí cuspóirí gach tosaíochta straitéisí a bhaint amach.

In 2005 rinneadh leathnú ar an soláthar seirbhísí raideolaíochta diagnóisí, míochaine núicléiche agus radaiteiripe atá ar fáil in earnáil na sláinte príobháidí agus cuireadh ceadúnais ar fáil le haghaidh seacht n-áis ina ndéantar scanadh ar dhlús cnámh agus dhá áis úrscothacha PET (Positron Emission Tomography). De réir mar a chuirtear le sofaisticiúlacht na n-áiseanna leighis, tá gá le sainchomhairle maidir le cosaint radaíochta. I dtreo dheireadh na bliana, de réir na gceanglas reachtacha, sheol an RPII clár le haghaidh Comhairleoirí um Chosaint Radaíochta (RPA). A luaithe is a dhéantar faomhadh ar an gclár, beidh na comhairleoirí RPA atá cláraithe in ann comhairle a chur ar dhaoine a bhfuil ceadúnais acu sna hearnálacha leighis, fiaclóireachta agus tréidliachta maidir le raon saincheisteanna a bhaineann le cosaint radaíochta.

Léirigh iniúchtaí a rinneadh i rith na bliana go bhfuil leibhéal ard comhlíonta ann i measc na ndaoine a bhfuil ceadúnas acu. As breis is 8000 oibrí a ndearnadh monatóireacht orthu, i gcás tuairim is 90% díobh ní raibh dáileog intomhaiste radaíochta faighte acu, agus i ngach cás bhí na dáileoga go maith faoi bhun na teorainneacha a mholtar go reachtúil. An dáileog is airde a tomhaiseadh in 2005 ná 9.6 mSv a fuair treoraí a bhí ag obair i bpluais taispeántais. Radón sa phluais ba chúis leis an leibhéal ard seo.

I mí na Nollag 2005, tháinig ionstraim reachtúil nua i bhfeidhm a dhaingnigh na ceanglais cheadúnaithe atá ann maidir le foinsí séalaithe ardghuaiseacha. Foráiltear san ionstraim reachtúil don RPII chomh maith, mar údarás inniúil, ceannas a ghlacadh ar fhoinsí deibhleáin, is é sin foinsí ná fios cé hé úinéir na foinse. Caithfear fós dul i ngleic le bainistiú praiticiúil a dhéanamh ar na foinsí seo, lena n-áirítear iad a stóráil.

Ó thaobh phobal na hÉireann a bheith faoi lé radaíochta, is é radón is mó is cúis leis seo. Cuireadh torthaí ó staidéar uile-Eorpach i bhfeidhm i gcás na hÉireann agus dearbhaíodh na meastacháin a rinneadh roimhe seo – is é sin gurb é radón is cúis le 200 cás d'ailse scamhóg, a bheag nó a mhór, gach bliain, agus ina measc siúd is daoine a chaitheadh tobac nó a chaitheann tobac 90% díobh. Sa mhéid nár aimsíodh ach céatadán beag de na tithe cónaithe ina bhfuil an tiúchan radóin os cionn an Leibhéil Thagartha, chuathas i mbun mionstaidéir ar thionscnaimh a bhaineann le radón atá idir lámha i dtíortha eile chun teacht ar bhealaí nua chun dul i ngleic leis an bhfadhb. Sa dréacht-Phlean Gníomhaíochta Action Plan to Identify and Remedy Homes with High Radon tá roinnt moltaí leagtha amach. Tá na moltaí sin dírithe ar níos mó tithe le tiúchan ard radóin a aimsiú agus réiteach a fháil ar an bhfadhb nuair a aimsítear iad. Cuireadh an dréacht-Phlean Gníomhaíochta faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun go ndéanfaí é a bhreithniú mar go bhfuil gá ionchur a fháil ina leith ó ranna Rialtais agus ó eagraíochtaí eile seachas an RPII.

Rinneadh measúnú i rith na bliana ar éifeacht na n-oibreacha feabhsúcháin ar tugadh fúthu i scoileanna. Léirigh na torthaí tosaigh i gcásanna ina raibh tiúchan radóin ann sa raon 200-400 Bq/m^3 gur laghdaíodh an tiúchan sin tuairim is 50% nuair a suiteáladh gaothairí sna ballaí. I gcásanna ina raibh an tiúchan radóin níos airde, suiteáladh súmairí radóin a laghdaigh na leibhéil níos mó ná 90%. Bhí an éifeacht fhadtéarmach an-mhaith freisin. Is torthaí suntasacha iad seo sa mhéid go ndearbhaíonn siad go bhfuil modhanna éifeachtacha ann, ar féidir brath orthu, chun oibreacha feabhsúcháin radóin a chur i bhfeidhm.

Rinneadh athstruchtúrú ar an eagraíocht. Anois tá ceithre rannóg ann agus stiúrthóir i bhfeighil gach rannóige. Cuirfidh sé seo ar chumas an RPII tacaíocht níos fearr a sholáthar maidir lena fhreagrachtaí reachtúla as seo amach.

I dtreo dheireadh na bliana, ghlac an RPII páirt sa chleachtadh éigeandála INEX 3 a dhear Nuclear Energy Agency an OECD, agus rinneadh é seo faoi chathaoirleacht na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gcomhar le ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile. Rud a bhí éagsúil faoin gcleachtadh seo ó chleachtaí eile maidir le hiarmhairtí taisme nár gur dhírigh an cleachtadh seo ar chur i bhfeidhm frithbhearta talmhaíochta agus ar shrianta bia, ach bhí plé ann chomh maith ar théarnamh iomlán tar éis taisme núicléach. Ó thaobh an RPII de, leag an cleachtadh seo béim ar an ngá a bheadh le samhlú a dhéanamh agus samplaí a ghlacadh i gcás fíoréigeandála.

Mar a tharla le cúpla bliain anuas, cuireadh roinnt mhaith acmhainní foirne ar fáil chun comhairle a sholáthar don Rialtas maidir le cúrsaí sábháilteachta núicléiche. Chun go mbeadh ar a gcumas an t-eolas is déanaí a chur ar fáil, ghlac foireann RPII páirt in os cionn 20 coiste agus grúpa oibre eolaíochta agus teicniúil idirnáisiúnta. Ar na teagmhais núicléacha a tharla thar lear, tharla an ceann ba shuntasaí nuair a theip ar phíobán i bhfóntas THORP in Sellafield, a rangaíodh ag leibhéal 3 ar an International Nuclear Event Scale (INES). Cé nár bhain impleachtaí raideolaíocha leis na teagmhais sin d'Éirinn, bhí an-éileamh go deo ar eolas agus ar chomhairle maidir le cineál na dteagmhas agus na hiarmhairtí a eascródh astu.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann RPII as an díograis thar na bearta a léirigh siad i gcur i bhfeidhm an struchtúir nua atá ag an eagraíocht i rith na bliana agus as ucht na dianoibre a dhéanann siad i gcónaí. Tá mé go mór faoi chomaoin freisin ag an Rannóg um Shábháilteacht Núicléach sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ag oifigigh eile sa Roinn as an lántacaíocht a chuireann siad ar fáil.

Ann McGarry
Príomhfheidhmeannach

Tosaíochtaí Straitéiseacha don RPII

I dtreo dheireadh 2004, cuireadh tús le ceapadh an Ráitis Straitéise nua don tréimhse 2005-2007. Bhí an Bord, foireann an RPII agus roinnt de na príomhchustaiméirí seachtracha páirteach sa phróiseas. Ainmnítear sa Ráiteas, a cuireadh i gcrích go luath in 2005, ceithre Thosaíocht Straitéiseacha a chuireann síos ar an treo a ghlacfaidh an RPII do na blianta 2005-2007. Seo a leanas na tosaíochtaí sin:

- Pobal na hÉireann a chosaint ar éifeachtaí dochracha a bhainfeadh le bheith faoi lé radaíochta ianaíche, agus an chosaint seo a sholáthar trí mheán an rialaithe agus na comhairle;
- Riachtanais nua an chustaiméara a aithint agus freastal ar na riachtanais sin;
- Clár forbartha foirne a chur i bhfeidhm – clár a thugann aitheantas don méid a dhéanann siad ar son na heagraíochta agus clár a éascaíonn cur i ngníomh Thosaíochtaí Straitéiseacha na hInstitiúide;
- Feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar chríochnúlacht oibríochtúil.

Ainmníodh roinnt cuspóirí agus bearta a ghabhfadh le gach tosaíocht straitéiseach chun a chur iúl an chaoi ina dtabharfadh an RPII faoi gach ceann de na tosaíochtaí a bhaint amach. Cuireadh táscairí feidhmíochtaí tábhachtacha san áireamh a d'fhéadfaí a úsáid chun feidhmíocht maidir le gach beart a mheas.

I mí Eanáir, ceapadh plean gnó le haghaidh 2005, a leag amach na saintascanna a rachfar ina mbun i rith na bliana chun dul i ngleic leis na cuspóirí a ainmníodh agus cheadaigh an Bord an plean sin. Cuirtear síos sna coda seo a leanas den tuarascáil bhliantúil ar an obair a rinne na rannóga éagsúla in RPII i rith na bliana.

Seirbhísí Rialála

Réamhrá

Ag eascairt as moltaí a rinneadh in athbhreithniú na heagraíochta, roinneadh an Rannóg Seirbhísí Rialála in dhá chuid: An Rannóg Leighis, Fiaclóireachta agus Tréidliachta (MDV) agus an rannóg Thionsclaíoch. Tá an rannóg MDV freagrach as rialú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as radaíocht ianaíoch i measc ceadúnaithe san earnáil leighis, lena n-áirítear fiaclóirí, ospidéil, círichleachtóirí, agus ceadúnaithe a úsáideann trealamh X-ghathaithe agus foinsí radaighníomhacha san earnáil tréidliachta. Tá an rannóg Thionsclaíoch freagrach as rialú a dhéanamh ar chuideachtaí agus ar fhorais tríú leibhéal a úsáideann córais X-ghathaithe nó foinsí radaighníomhacha don rialú cáilíochta, do phróisis táirgeachta agus don taighde. Chomh maith leis sin, tá an rannóg seo freagrach as rialú a dhéanamh ar a mhéid a théann criúnna eitilte faoi lé radaíochta cosmaí agus as gníomhaíochtaí oibre ina mbíonn NORM (Naturally Occurring Radioactive Materials) i gceist, radón san áireamh, a chuimsítear laistigh de raon na reachtaíochta (An tAcht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 (Radaíocht Ianaíoch) Ordú, 2000 (I.R.. Uimh. 125 de 2000)). Ceann de na buntáistí a bhain le hatheagrú a dhéanamh ar an bhfoireann agus foireann ar leith a ainmniú le haghaidh gach rannóige ná go raibh cur chuige níos dírithe ann maidir le cleachtais rialála sna rannóga éagsúla.

Ceadúnú

In 2005, rinne an RPII athbhreithniú cuimsitheach dlíthiúil ar a choinníollacha ceadúnais, i gcomhar lena chomhairleoir dlí. Ba é ba chuspóir leis an athbhreithniú ná a chinntiú gur léirigh na coinníollacha go cruinn beacht na ceanglais a éilíonn gach píosa reachtaíochta náisiúnta chomh maith leis na ceanglais a bhaineann leis na cleachtais is fearr ó thaobh riaracháin, sábháilteachta agus slándála de.

I rith na bliana, eisíodh 114 ceadúnas a tugadh do cheadúnaithe nua, agus os cionn 50% (56) do cheadúnaithe san earnáil fiaclóireachta. Taispeánann Fíor 1 an chomparáid idir na ceadúnais nua sin agus na cinn a eisíodh sa dá bhliain roimh ré. Chomh maith leis sin, tháinig méadú suntasach ar an líon ceadúnas a eisíodh le haghaidh seirbhísí scanacháin dlús cnámh DEXA (Dual Energy X-ray Absorptiometry) san earnáil phríobháideach – roimh 2005 ní raibh ach 12 ceadúnas DEXA ann le haghaidh áiseanna scanacháin, ach eisíodh seacht gceadúnas sa bhreis i rith na bliana. In 2005 fuarthas dhá scanóir PET nua in áiseanna príobháideacha leighis, agus anois tá trí aonad dá leithéid in Éirinn.

Fíor 1: Ceadúnais Nua a Eisíodh



I rith na bliana, fuair an RPII 600 iarratas chun ceadúnais reatha a leasú. Léirigh anailís a rinneadh ar an bpróiseas leasaithe gur déileáladh le 93% de na leasuithe agus gur eisíodh na ceadúnais leasaithe laistigh de 28 lá ón uair a fuarthas na doiciméid chomhlánaithe. Chomh maith leis sin, rinneadh os cionn 1100 ceadúnas reatha a athnuachan.

Iniúchtaí

I rith na blianta rinne an fhoireann 192 iniúchadh sna catagóirí ceadúnaithe go léir. Cé go dtugann an RPII fógra roimh ré de ghnáth do na ceadúnaithe sula ndéantar iniúchadh, déantar roinnt iniúchtaí gan foláireamh a thabhairt. Taispeántar i dTábla 1 líon na n-iniúchtaí in aghaidh an chineáil ceadúnaí, mar a bhí in 2005.

Tábla 1: Catagóirí Ginearálta na gCeadúnas agus Iniúchtaí

Catagóir an Cheadúnais	Líona sa Chatagóir	Iniúchtaí in 2005
Úsáideoirí Tionsclaíocha	300	93
Dáileoirí Tionsclaíochta	29	6
Oideachas & Taighde	20	6
Ranna Rialtais agus Seirbhísí atá faoi cheannas an Stáit	5	3
Ospidéil/Leigheas	136	42
Dáileoirí Leighis	24	8
Tréidlianna	177	14
Fiaclóirí	802	17
Círichleachtóirí	13	3
IOMLÁN	**1506**	**192**

Leasaíodh formáid na n-iniúchtaí a rinneadh in ospidéil i rith na bliana chun go mbeadh ionadaithe na bainistíochta sinsearaí ábalta casadh leis an bhfoireann iniúchóireachta ag tús agus ag deireadh gach iniúchta. Toisc an ceanglas nua seo dearbhaítear go dtugtar tús áite do na moltaí agus na treoracha a eisítear i rith an iniúchta agus go ndéileáiltear leo go tráthúil. Bhí na chláir iniúchta leighis i rith na bliana dírithe ar na rannóga raideolaíochta sna hospidéil nach ndearnadh iniúchadh orthu le sé bliana anuas. Cuireadh iniúchtaí i gcrích sna trí rannóg raideolaíochta nua a osclaíodh i rith na bliana chomh maith.

Thug an fhoireann iniúchóireachta faoi deara go raibh trealamh X-ghathaithe in úsáid taobh amuigh den phríomhrannóg raideolaíochta i réimsí cosúil leis na hobrádlanna, T&É agus sna haonaid dianchúraim agus athbheochana. Tá sé tábhachtach go gcuirfí dóthain oiliúna ar fáil don fhoireann sna réimsí seo agus tabharfar faoin gceist seo i gcláir iniúchta amach anseo.

Chomh maith leis na gnéithe riaracháin a bhain leis na hiniúchtaí, leagadh béim faoi leith ar úsáid shlán, ar stóráil agus ar iompar na n-ábhar radaighníomhach. Mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, rinneadh roinnt iniúchtaí suímh sna réimsí a bhaineann le radagrafaíocht thionsclaíoch agus le húsáid na dtomhsairí iniompartha a úsáidtear chun dlús taise núicléiche a thomhas.

Chuathas i mbun clár éifeachtach de chomhiniúchtaí leis an Oifig Náisiúnta um Chosc ar Choireacht den Gharda Síochána chun cur leis na gnéithe slándála maidir le húsáid, le hiompar agus le stóráil ábhar radaighníomhach a bhain le ceadúnais ábhartha ar leith.

Fuarthas go raibh leibhéal maith de chomhlíonadh ann i measc na gceadúnaithe. Ach bhí roinnt réimsí neamhchomhlíonta a tugadh faoi deara le linn na n-iniúchtaí i rith na bliana, áfach. Bhain siad le gnéithe riaracháin an cheadúnais den chuid is mó. Mar shampla, gan an Príomh-Oifigeach Dóiteáin san údarás áitiúil a chur ar an eolas faoi áit ina bhfuil na nithe ceadúnaithe á gcoimeád, gan nósanna imeachta maidir le slándáil radaíochta agus measúnuithe riosca a athbhreithniú, gan athruithe ar shonraí an cheadúnais a chur in iúl don RPII, gan ionstraimí monatóireachta a chalabrú, gan fógraí rabhaidh a chur ar taispeáint agus gan a bheith ag cinntiú gur chaith na hoibrithe ábhartha a gcuid dáileogmhéadar pearsanta.

Forfheidhmiú

I mí Mheán Fómhair 2005, chuir an RPII an dlí ar cheadúnaí amháin tar éis d'fhoinse ísealghníomhaíochta séalaithe a bhí as úsáid dul ar strae ón áitreabh. D'éirigh leis an t-ionchúiseamh i gcoinne na cuideachta toisc go raibh an chuideachta ag sárú choinníollacha an cheadúnais – coinníollacha a ceapadh chun cosc a chur lena leithéid. Níor aisghabhadh an fhoinse. Dhearbhaigh an t-iar-imscrúdú, áfach, nach mbeadh aon iarmhairtí sláinte ag éirí as – ar aon cheann de na bealaí is dóichí inar diúscraíodh an fhoinse.

Tá sé de chumhacht ag an RPII ordú a thabhairt d'fhostaitheoirí leibhéil radóin a thomhas agus an dlí a chur orthu siúd nach gcomhlíonann an treoir. I rith na bliana, chuir an RPII an dlí ar ocht bhfostaitheoir, ceathrar i dTrá Lí agus ceathrar in Inis, nár chomhlíon treoir maidir le radón a thomhas. Tháinig na cásanna os comhair na gcúirteanna dúiche i dTrá Lí agus in Inis i rith na bliana. Phléadáil trí chosantóir ciontach i dTrá lí; díbheadh na cásanna, áfach, leis an ngealltanas go gcuirfeadh gach cosantóir 500 euro i mbosca déirce na cúirte. Phléadáil an ceathrú cosantóir neamhchiontach agus cuireadh siar an cás. In Inis, rinneadh cás amháin a dhíbheadh mar nach bhféadfadh an cás ionchúisimh dul ar aghaidh ar an lá sin. Sna trí chás eile, rinneadh na cosantóirí a chiontú, a fhíneáil agus ordaíodh dóibh na costais a íoc.

Teagmhais Intuairiscithe

Tá sé ar cheann de choinníollacha gach ceadúnais go ndéanfaí imscrúdú iomlán agus go bhfaigheadh an RPII tuairisc air aon uair a thaifeadtar dáileog ar dháileogmhéadar pearsanta atá níos airde ná an leibhéal intuairiscithe. Seo a leanas na leibhéil ag a gcaithfear tuairisc a thabhairt do dháileoga uile-choirp agus do dháileoga ball forimeallach – thar thréimhse 16 seachtain – 2 millisíveart (mSv) agus 50 mSv faoi seach.

Cuireadh an RPII ar an eolas maidir le 19 dáileog intuairiscithe den chineál sin i rith na bliana. Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar gach dáileog intuairiscithe, fuarthas nach raibh ach ceithre cinn díobh ina bhfíordháileoga faighte ag an gcaiteoir: dhá cheann ag radagrafaithe tionsclaíocha (2.3 agus 2.0 mSv – dáileoga uile-choirp), ceann amháin ag úsáideoir tomhsaire do dhlús taisce núicléiche (2.1 mSv – dáileog uile-choirp) agus an ceathrú ceann ag duine a bhí ag obair le foinsí núicléacha neamhshéalaithe in ionad leighis núicléach eachaí (122 mSv – dáileog ball forimeallach).

Maidir leis an oibrí san ionad eachaí, ba dháileog ball forimeallach dá méar a bhí i gceist. Cé nach bhféadfaí aon chúis amháin a fháil leis an leibhéal ard radaíochta seo a ndeachaigh sí faoina lé, cuireadh comhairle ar an gceadúnaí athbhreithniú a dhéanamh ar a chleachtais oibre agus modhanna sábháilteachta breise a chur ar bun. Tar éis chur i bhfeidhm mholtaí an RPII níor taifeadadh aon dáileoga eile ar na dáileogmhéadair a tugadh don duine seo i rith 2005.

Tar éis imscrúduithe a dhéanamh, cinneadh gur tharla na trí dháileog a fuair na hoibrithe toisc ualach na hoibre a bhí orthu ina bpoist. Cé go bhfuil an chosúlacht ar an scéal anois go bhfuil na cleachtais oibre ag an leibhéal optamach faoi láthair, is ceist í seo a gcoimeádfaidh an RPII faoi athbhreithniú.

Rinne an RPII imscrúdú freisin i rith na bliana ar eachtra nuair a fuair pluiméir, a bhí ag obair ar phíobán idir seomra na teiripe eisídiúcháin iaidín agus an taiscumar taobh amuigh, dáileog de chúpla millisíveart. Ní raibh a fhios ag an bpluiméir go raibh radaighníomhaíocht i gceist leis an obair sin. Tar éis dul i gcomhairle leis an RPII, leasaigh an t-ospidéal an obair a bhain leis na píobáin agus chuir siad feabhas ar na modhanna slándála atá ann do na hothair, don fhoireann fisice agus don fhoireann cothabhála, chun nach dtarlódh a leithéid arís.

An Clár do Chomhairleoirí um Chosaint Radaíochta (RPA)

I mí Dheireadh Fómhair, sheol an RPII clár do Chomhairleoirí um Chosaint Radaíochta (RPA). A luaithe is a dhéantar faomhadh ar an gclár, beidh comhairleoirí RPA atá cláraithe in ann comhairle a chur ar dhaoine a bhfuil ceadúnais acu sna hearnálacha leighis, fiaclóireachta agus tréidliachta de réir na gceanglas reachtach. Thug an RPII cuireadh do dhaoine incháilithe cur isteach air seo. Cuireadh Coiste Measúnaithe ar bun ar a bhfuil triúr ionadaithe ón mbainistíocht shinsearach in RPII agus beirt shaineolaithe ón taobh amuigh. Rinne an Coiste Measúnaithe na chéad iarratais a mheas i mí na Nollag 2005.

Iompar

Lean an RPII ar aghaidh ag obair leo siúd a bhíonn ag gabháil d'iompar ábhar radaighníomhach ar bóthar, san aer agus ar muir. Thapaigh an RPII an deis ráiteas a dhéanamh maidir le dréacht-reachtaíocht a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha ar bóthar, a chuireann an comhaontú UN International Agreement on the Carriage of Dangerous Goods by Road (ADR) i ngníomh. Ghlac an RPII páirt in imscrúdú de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar ábhair a bhaineann le Technical Instructions for the Safe Transport of Dangerous Goods by Air de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta. Lean an RPII ag gníomhú mar an bpointe tadhaill náisiúnta do Bhunachar Sonraí EVTRAM (Events in the Transport of Radioactive Material) an ar an gClár Bunchair Shonraí um Cheannaíocht Aindleathach de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA).

High Activity Sealed Radioactive Sources and Orphan Sources (HASS) Directive

Trasuíodh Treoir HASS i ndlí na hÉireann i mí na Nollag 2005 i bhfoirm an Achta um Chosaint Raideolaíoch 1991 (Rialú ar fhoinsí séalaithe ardghníomhaíocha) Ordú 2005 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 875 de 2005). Is é an RPII an tÚdarás Inniúil a ainmníodh chun críche na Reachtaíochta agus na Treorach seo. Leagann an Reachtaíocht amach na saincheanglais údaraithe a bhaineann leis na cineálacha foinsí a luaitear sa Treoir a bheith i do sheilbh agus a úsáid. Ina measc tá forálacha a bhaineann le taifid a choinneáil, tuairisciú, foinsí a ainmniú agus oiliúint agus eolas a chur ar fáil lena n-áirítear ceanglais sábháilteachta. Tá sé de cheangal faoin Treoir, freisin, go bhforálfaí d'fhoinsí deibhleáin atá tar éis éalú ón gcóras rialaithe agus a bhíonn le fáil ó am go chéile i gcoinsíneachtaí de dhrámh-mhiotal. De bharr nár aimsíodh ach líon beag d'fhoinsí dá leithéid go stairiúil, beartaíodh go ndéileálfadh an RPII leo i gcomhairle leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar bhonn cás ar chás. Ceann de na saincheisteanna tromchúiseacha ar ghá fós aghaidh a thabhairt uirthi i mbonneagar rialaithe in Éirinn, ámh, ná an bhainistíocht phraiticiúil a dhéantar ar fhoinsí deibhleáin, lena n-áirítear iad a stóráil i gcás nach bhféadfaí eintiteas dlíthiúil a aimsiú a ghlacfadh seilbh orthu.

Seirbhísí Monatóireachta agus Tomhais Radaíochta

Réamhrá

Tá dhá phríomhról ag an rannóg monatóireachta agus tomhais in RPII. An chéad ról atá ag an rannóg ná monatóireacht a dhéanamh ar radaighníomhaíocht sa chomhshaol chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid is atá daonra na hÉireann faoi lé radaíochta agus an dara ról atá ag an rannóg ná saotharlann náisiúnta a chothabháil chun raon leathan seirbhísí tástála a sholáthar atá riachtanach chun cosaint radaíochta éifeachtach a chur ar fáil. Mar chuid den chlár monatóireachta ar an gcomhshaol atá ag an RPII déantar anailísiú rialta ar raon samplaí ón aer, ón uisce agus ó bhia-ábhar. I measc na seirbhísí úrscothacha tomhais agus calabrúcháin a chuireann an tsaotharlann ar fáil tá tomhas radaicheimiceach, dáileogmhéadracht phearsanta, calabrú ar ionstraimí, deimhniú le haghaidh táirgí agus tástáil radóin.

Mar chuid den chur i bhfeidhm ar na moltaí ó Athbhreithniú na hEagraíochta a rinneadh in 2005 tugadh na seirbhísí saotharlainne uile ag RPII le chéile faoi scáth rannóige amháin. A bhuíochas leis an atheagrú seo tá deiseanna ann anois seirbhísí a chur ar fáil ar bhonn níos éifeachtaí.

Is polasaí de chuid an RPII é archaighdeáin a bhaint amach, atá ag teacht le riachtanais na gcliant agus le riachtanais rialála i ngach gné den monatóireacht agus den tomhas a dhéanann an eagraíocht. Tá córas bainistíochta cáilíochta i bhfeidhm ag an tsaotharlann, atá i gcomhréir le Caighdeán 17025 de chuid an ISO agus rinne an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú (INAB) creidiúnú seachtrach a bhronnadh ar an RPII le déanaí. Thairis sin, glacann an tsaotharlann páirt go rialta i gcláir comparáide idirshaotharlainne sna réimsí uile ina bhfeidhmíonn an tsaotharlann. Bíonn an tsaotharlann páirteach chomh maith i bhfóraim a bhaineann le tomhas agus le méadreolaíocht ar bhonn idirnáisiúnta – na fóraim seo a leanas ina measc – Ionising Radiation Metrology Forum, the International Atomic Energy Agency Secondary Standard Dosimetry Network, the Personal Radiation Monitoring Group, agus the European Dosimetry Group.

Le linn 2005, glacadh cúpla céim chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta cáilíochta agus ceapadh bainisteoir cáilíochta amháin le freagracht as an gclár iniúchta inmheánaigh rannóige don rannóg iomlán. I rith na bliana, bhain an tsaotharlann amach creidiúnú INAB as a chuid oibre ag cur seirbhís dáileogmhéadrachta ar bhaill fhorimeallacha ar fáil bunaithe ar na fáinní dáileogmheádrachta Panasonic, ar tosaíodh á n-úsáid in 2004.

Monatóireacht ar an gComhshaol

Tá sé fós mar phríomhfhócas ag clár monatóireachta muirí an RPII monatóireacht a dhéanamh ar an éilliú a dhéantar ar chomhshaol muirí uiscí na hÉireann a eascraíonn as an doirteadh ón monarcha athphróiseála atá suite ar chósta iarthuaiscirt na Breataine.
Le linn 2005, bailíodh samplaí d'éisc agus de shliogéisc ó na príomhchalafoirt agus rinneadh anailís orthu. Chomh maith leis sin, tógadh samplaí sáile agus feamainne ó shuímh ar an gcósta agus samplaí sáile agus dríodar ó iarthair Mhuir Éireann in mBád Taighde na hInstitiúde Muireolaíochta, an Celtic Voyager.

Le blianta beaga anuas, díríodh go háirithe ar an radanúiclíd ar a dtugtar teicnéitiam-99 agus bhí an-mhonatóireacht á dhéanamh ar an méid de a bhí ar fáil in éisc, i sliogéisc, san uisce agus i bhfeamainn. Tháinig méadú ar an méid den radanúiclíd seo a bhí á doirteadh ón monarcha in Sellafield i lár na 1990í ó coimisiúnaíodh an EARP (Enhanced Actinide Removal Plant). Bhí an méid den radanúiclíd seo fós ard don chuid eile de na 1990í, go dtí 2004, ach tá laghdú suntasach tagtha air ó cuireadh i bhfeidhm próisis chóireála dramhaíola. Taispeántar i bhFíor 2 an tiúchan teicnéitiam-99 sa sáile i mBaile Brigín ó 1995 go 2005. Bhí laghdú ar an tiúchan a tomhaiseadh ag an suíomh seo in 2005, agus tá sé seo i gcomhréir leis an patrún doirte ó Sellafield, ag cur san áireamh an mall-aga ama timpeall is dhá bhliain ón uair a doirtear é go dtí go sroicheann sé cósta thoir na hÉireann.

Fíor 2: Tiúchan Teicnéitiam-99 sa Sáile (mBq/l) ag Baile Brigín, 1995 go 2005.



An príomhbhealach a mbíonn muintir na hÉireann faoi lé radaighníomhaíochta saorga ó thaobh an chomhshaoil mhuirí de ná nuair a itheann siad éisc agus sliogéisc ó Mhuir Éireann. Bunaithe ar an méid radaighníomhaíochta in éisc agus i sliogéisc, an dáileog a bheadh i gceist do dhuine a itheann roinnt mhaith bia mara ná 2 mícrisíveart (µSv). D'fhéadfaí an figiúr seo a chur i gcomparáid leis an uasteorainn dáileoga atá ceadaithe do bhaill den phobal – is é sin 1000 µSv ó fhoinsí saorga radaíochta nó an mheándáileog iomlán in aghaidh na bliana ó gach foinse radaíochta, (radaíocht nádúrtha san áireamh), de 3620 µSv. Bhí dáileoga radaíochta ón bhfoinse seo cuíosach tairiseach le blianta beaga anuas. D'fhéadfaí a bheith ag súil leis seo toisc go dtagann an chuid is mó den radaighníomhaíocht shaorga i Muir Éireann ó athshlógadh ar dhríodair ó sheanfhoinsí seachas ó dhoirteadh nua.

Cuidíonn an Roinn Talmhaíochta agus Bia, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, údaráis áitiúla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus táirgeoirí tráchtála leis an RPII sa mhonatóireacht a dhéantar ar ábhar bia talúnda. In 2005, is é a bhí i gceist leis sin ná samplaí bainne, torthaí déiríochta, mairteoil, uaineoil, muiceoil agus uisce óil a bhailiú agus anailísiú a dhéanamh orthu. Cuidíonn Met Éireann leis an RPII monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaighníomhaíochta san aer. Rinneadh samplaí a bhailiú agus a thomhas go rialta de cháithníní aerbheirthe ag ocht stáisiún déag ar fud na tíre, agus rinneadh crioptón-85 gásach a thomhas i gCluain Sceach i mBaile Átha Cliath.

Le linn 2005, cuireadh i gcrích an tástáil ar an stáisiún samplála ardtoirte ag i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus d'imigh an stáisiún i mbun oibre ansin. Le ráta samplála atá níos airde ná 2000 méadar ciúbach san uair tá an stáisiún seo i bhfad níos íogaire ná an stáisiún ardtoirte atá ann cheana féin i Sceach na mBacach i mBaile Átha Cliath. Is cuid bhreise de líonra monatóireachta RPII é seo agus beifear in ann é a úsáid chun tiúchan íseal radaighníomhaíochta san aer a thomhas.

Léiríonn torthaí chlár monatóireachta an chomhshaoil atá ag RPII go bhfuil na leibhéil radaighníomhaíochta san aer in Éirinn íseal agus nach bhfuil baol sláinte ann don phobal dá bharr. Tá na torthaí monatóireachta ar an gcomhshaol go léir foilsithe i dtuarascálacha monatóireachta an RPII agus tá siad ar fáil ar an suíomh gréasáin. Ina theannta sin, seoltar sonraí isteach chuig bunachar sonraí an Choimisiúin Eorpaigh ag an gComhionad Taighde in Ispra, san Iodáil. Foilsíonn an Coimisiún tiomsúcháin de na sonraí seo ó am go chéile.

Tomhas Radaicheimice

Déanann rannóg radaicheimice na saotharlainne tiúchana de radanúiclídí a thomhas i raon leathan samplaí, ní hamháin chun tacú le clár monatóireachta RPII ach thar ceann cliaint sheachtracha – i measc na gcliant sin tá tionscail, forais stáit eile agus baill den phobal. Ar na seirbhísí éagsúla tomhais radaicheimice a chuir an tsaotharlann ar fáil in 2005 bhí: táirgí Éireannacha a thástáil chun a chinntiú go mbeidís ag comhlíonadh cheanglas na dtíortha a bheadh á n-allmhairiú, tástáil ar uisce óil chun go mbeadh sé ag comhlíonadh cheanglais na Treorach Drinking Water Directive (98/83/EC),anailís ar thástálacha cuimilte ar fhoinsí radaighníomhacha, tástáil agus deimhniú ar shamplaí dreidireachta chun go mbeidís ag comhlíonadh cheanglais an Achta um Dhumpáil ar Farraige, 1996, agus tomhas ar radón in uisce óil. San iomlán rinneadh tástáil ar 2183 sampla i rith na bliana agus léiríonn Tábla 2 miondealú ar an líon seo de réir cineáil. Eisíodh 4422 deimhniúchán táirge in 2005 a tugadh d'onnmhaireoirí Éireannacha – seo i gcomparáid le 4242 agus 4581 in 2004 agus 2003 faoi seach. Dearbhaíonn na figiúirí seo go bhfuil éileamh leanúnach ann ar an tseirbhís seo.

Tábla 2: Tástáil Radaighníomhaíochta ar Shamplaí agus ar Bhia-ábhair, 2005

Aer	444
Mairteoil	36
Uaineoil	36
Muiceoil/Éineoil	13
Uisce Óil	117
Éisc agus Sliogéisc	114
Sáile, dríodar agus feamainn	88
Bainne agus táirgí déiríochta	513
Cógaisíocht & breiseáin (comhdhlúcháin, comhábhair)	274
Bia eile (gráin, alcól)	56
Ilghnéitheach (tástálacha cuimilte, bia ó cheaintíní)	492
IOMLÁN	**2183**

Measúnú ar Dháileoga Radaíochta

Déanann an RPII eolas a thiomsú ar dháileoga radaíochta a fhaigheann daoine agus iad ag obair. Seo a leanas na trí bhealach ina mbailíonn an RPII an t-eolas sin:

- baineann Seirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII úsáid as dáileogmhéadair theirmealonracha (TLDanna) chun an dáileog radaíochta a fhaigheann oibrithe a mheas – dáileoga a fhaigheann siad toisc a bheith ag obair le radaíocht ianaíoch sna hearnálacha leighis, tionsclaíochta agus oideachais;
- cuireann RPII dáileogmhéadair track-etch ar fáil chun dáileoga radaíochta a mheas d'oibrithe a oibríonn faoi thalamh a bhíonn faoi lé radóin;
- tá sé de cheangal ar gach aerlíne a bhfuil Air Operator's Certificate acu a eisíonn Údarás Eitlíochta na hÉireann agus a mbíonn a gcriúnna aeir i mbaol a bheith faoi lé dáileoga bliantúla radaíochta cosmaí níos mó ná 1 mSv na dáileoga sin a mheas agus na dáileoga sin a thuairisciú don RPII in aghaidh na bliana.

Le linn 2005, cuireadh tuairim is 82,000 TLD ar fáil do bhreis is 8000 duine. I gcás tuairim is 90% de na daoine sin a ndearnadh monatóireacht orthu ní bhfuair siad dáileog uile-choirp intomhaiste. Rinneadh monatóireacht chomh maith ar 58 ball foirne, san iomlán, a bhí ag obair i bpluaiseanna taispeántais agus i mianach tráchtála amháin.

Ba é 9.6 mSv an dáileog bhliantúil uile-choirp is airde a tomhaiseadh in 2005, a fuair treoraí a bhí ag obair i bpluais taispeántais. Radón sa phluais ba chúis leis an leibhéal ard seo. San earnáil tionsclaíochta, ba é 4.2 mSv an dáileog bhliantúil is airde a tomhaiseadh, a fuair teicneoir a bhí ag úsáid tomhsaire chun dlús taise a mheas. Tharla sé seo toisc gur méadaíodh an t-ualach oibre a bhí air sa chéad sé mhí den bhliain.

Léirigh sonraí a chuir ocht n-aerlíne isteach go ndeachaigh 4655 duine a bhí mar bhaill de chriúnna aeir faoi lé dáileoga radaíochta bliantúla os cionn 1 mSv: go ndeachaigh 2295 faoi lé idir 1 agus 2 mSv, go ndeachaigh 2149 faoi lé idir 2 agus 4 mSv agus go ndeachaigh 211 faoi lé os cionn 4 mSv. Níor tuairiscíodh aon dáileog os cionn 6 mSv agus ba é tuairim is 2 mSv an mheándáileog radaíochta cosmaí a ndeachaigh baill de chriúnna aeir faoina lé. Toisc an líon mór ball foirne a bhíonn faoi lé radaíochta san earnáil seo, tá an earnáil aerlínte ar an earnáil is mó ina dtéann na baill foirne faoi lé radaíochta, ar bhonn cnuasaitheach, ná aon cheann de na grúpaí oibre eile a mbímid á mbreathnú.

Rinneadh dáileoga ball forimeallach na n-oibrithe atá ag obair sna hearnálacha tionsclaíochta, taighde agus in ospidéil a thaifeadadh. An dáileog bhliantúil is airde a tomhaiseadh ná dáileog a fuair oibrí atá ag obair in ionad eachaí, agus fuair an t-oibrí sin dáileog ball forimeallach de 124.8 mSv ar an lámh. Níor aimsíodh aon chúis singil amháin leis an leibhéal ard seo.

D'fhéadfaí na dáileoga a tuairiscíodh thuas a chur i gcomparáid leis an uasteorainn bhliantúil a mholtar – is é sin 20 mSv – agus leis an uasteorainn dáileoga bliantúla do na baill fhorimeallacha a mholtar – is é sin 500 mSv d'oibrithe, mar atá leagtha amach i reachtaíocht náisiúnta.

Calabrú ar Ionstraimí

Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí radaíocht ianaíoch a thomhas go beacht má táthar chun úsáid shábháilte agus éifeachtach a chinntiú agus dá bhrí sin ní mór na hionstraimí a úsáidtear don monatóireacht seo a chalabrú go rialta. In 2005, rinne an tSeirbhís isteach is amach le 339 ionstraim a chalabrú.

In 2005, ghlac an tSeirbhís páirt sa Ghrúpa Méadreolaíochta Eorpach. An cuspóir atá ag an ngrúpa ná comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar sheirbhísí méadreolaíochta ar mhaithe le héifeachtacht níos fearr a bhaint amach.

Radón a Thomhas

Le linn 2005, tháinig méadú suntasach ar an tomhas a rinneadh ar radón i dtithe cónaithe – méadú ó 2948 in 2004 go 3550 in 2005. As an méid sin, fuarthas go raibh an méid radóin i 574 de na tithe os cionn an Leibhéil Thagartha náisiúnta – 200 Bq/m^3. Rinne an tSeirbhís radón a thomhas i 203 láthair oibre in 2005 agus fuarthas go raibh 17 le leibhéil os cionn an Leibhéil Thagartha náisiúnta 400 Bq/m^3 i gceann amháin, nó níos mó, de na limistéir oibre.

Chomh maith leis sin in 2005, lean an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis an gclár monatóireachta radóin atá idir lámha i scoileanna. Chuir 122 scoil i gcrích tomhas radóin don chéad uair agus d'imigh 56 scoil i mbun tomhais iarfheabhsúcháin.

Seirbhísí Comhairleacha

Réamhrá

Tá an Rannóg Seirbhísí Comhairleacha freagrach as eolas agus comhairle a sholáthar don Rialtas agus don phobal. Na príomhréimsí oibre a bhíonn idir lámha ag an rannóg seo ná sábháilteacht núicléach, ullmhacht éigeandála agus cúrsaí a bhaineann le radón. Chomh maith leis sin, déanann an Rannóg seo bainistiú ar shuíomh gréasáin an RPII agus is í a bhíonn i dteagmháil leis na meáin. Déanann an Rannóg comhordú ar staidéir um mheasúnú dáileoige agus ar an obair chomhairleach uile a dhéanann foireann an RPII ar bhonn idirnáisiúnta.

Comhairle Maidir le Radón

Plean Gníomhaíochta chun Tithe Cónaithe a Aimsiú a bhfuil Tiúchan ard Radóin iontu agus Tabhairt faoi Obair Feabhsúcháin

Ag eascairt as torthaí ón National Radon Survey a rinne an RPII sna 1990í, meastar go bhfuil tuairim is 91,000 teach in Éirinn a bhfuil na leibhéil radóin iontu níos airde ná an Leibhéal Tagartha náisiúnta de 200 Bq/m^3. Ach, go dtí seo, níor aimsigh an RPII ach 4000 teach cónaithe atá ag sárú an leibhéil sin. Toisc nach mbaineann an fhadhb seo le hÉirinn amháin, bheartaigh an RPII, in 2005, úsáid a bhaint as suirbhé a rinneadh ar chláir radóin i dtíortha eile agus as comhairle maidir le radón a eisíonn eagraíochtaí idirnáisiúnta chun athbhreithniú a dhéanamh ar mar atá an scéal in Éirinn. Tar éis an athbhreithnithe, ullmhaíodh dréacht-Phlean Gníomhaíochta. An aidhm atá leis an bPlean seo ná níos mó de na tithe a bhfuil tiúchan ard radóin iontu a aimsiú agus feabhas a chur ar an scéal dá réir. Tá sé phríomh-mholadh sa phlean:

- feachtas spriocdhírithe ardphróiifíl a reáchtáil chun cur le feasacht an phobail maidir le radón;
- coimisiúnú a dhéanamh ar staidéar chun na féidearthachtaí a mheas a bhainfeadh le tomhas radóin agus feabhsúcháin a chur san áireamh sa phróiseas tíolactha;
- bearta coisctheacha radóin a fhorfheidhmiú i bhfoirgnimh nua mar atá de cheangal de réir Rialacháin Tógála;
- cur leis an scéim Homebond chun go gcuimseofaí suiteáil ar bhacainní agus ar shúmairí radóin;
- clár a chur i bhfeidhm chun go mbeadh tomhas radóin saor in aisce i ngach ceantar a bhfuil Leibhéil Arda Radóin iontu; agus
- cúnamh airgeadais a thabhairt do theaghlaigh chun tiúchan radóin a laghdú má tá sé os cionn an Leibhéil Thagartha.

Cuireadh an dréacht-Phlean Gníomhaíochta faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le go mbreathnódh sé é i mí Mheán Fómhair.

Scéimeanna Feabhsúcháin Radóin i Scoileanna

Léirigh measúnú a rinneadh ar éifeacht na dteicnící feabhsúcháin radóin i seomraí scoile a raibh tiúchan radóin os cionn an Leibhéil Thagartha de 200 Bq/m^3 iontu gur oibrigh súmairí radóin agus gaothairí ballaí go maith chun tiúchan radóin a laghdú. D'éirigh leis na gaothairí ballaí, a suiteáiltear de ghnáth i seomraí le tiúchan radóin atá measartha méadaithe, sa raon 200-400 Bq/m^3, tiúchan radóin a laghdú tuairim is 50% ar an meán. D'éirigh leis na súmairí radóin, a suiteáiltear i seomraí a bhfuil tiúchan radóin níos airde iontu, an méid radóin a laghdú níos mó ná 90%. Léiríodh i staidéar a rinneadh ar éifeacht fhadtéarmach na súmairí radóin go raibh na súmairí uile fós ag feidhmiú i gceart trí bliana tar éis iad a shuiteáil agus go raibh a n-éifeacht maidir le radón istigh i bhfoirgnimh a laghdú ag dul i bhfeabhas le caitheamh ama.

Seó Bóthar maidir le Radón

In 2005, chuir an RPII tús le sraith seónna bóthar maidir le radón chun cur le feasacht i measc fostóirí agus i measc an phobail maidir leis an mbaol a bhaineann le bheith faoi lé an iomarca radóin. Tugadh cuairt ar Bhéal an Átha, ar Shligeach, ar Chill Channaigh, ar Phort Láirge agus ar Thrá Lí – agus is ceantar Ard-Radóin na ceantair sin uile. Mar chuid de gach seó bhí cur i láthair ann do scoileanna áitiúla agus do ghrúpaí fostóirí. D'éirigh an-mhaith leis na seónna seo, agus fuair siad clúdach maith sna meáin náisiúnta agus cuireadh leis an líon áitreabh ina ndearnadh leibhéil radóin a thomhas.

An Fóram Náisiúnta um Radón

I mí na Samhna, reáchtáil an RPII an ceathrú Fóram Náisiúnta um Radón i dTrá Lí. Mar chuid den fhóram pléadh na roghanna atá ann cur leis an líon láithreacha oibre ina ndéantar an leibhéal radóin a thomhas, an tionchar atá an radón ar an tsláinte, agus feasacht an phobail maidir le radón. Cuireadh téama tionsclaíoch san áireamh chomh maith – a chuimsigh gnéithe éagsúla a bhaineann leis na tionscail a thugann faoi radón a thomhas agus faoi fheabhsúcháin radóin. Bhí an fóram ar an gceann is mó go dtí seo le breis is 70 rannpháirtí ag freastal air ó raon leathan grúpaí sainleasa.

Contúirt don tSláinte toisc a bheith faoi lé Radóin i dTithe Cónaithe in Éirinn

I rith na bliana, d'eisigh an RPII comhráiteas i gcomhar leis an gClárlann Náisiúnta Ailse, Éire (NCRI) maidir leis an gcontúirt don tsláinte a bhaineann le radón i dtithe cónaithe in Éirinn. I dteannta a chéile, rinne siad athbhreithniú ar staidéar a rinneadh ar 7000 cás d'ailse scamhóg san Eoraip, a fuair go raibh sé 25 uair níos dóichí go bhfaigheadh daoine a chaitheann tobac ailse scamhóg ó ghás radóin is atá go bhfaigheadh daoine nach gcaitheann tobac. Nuair a cuireadh na torthaí seo i bhfeidhm i gcás na hÉireann, measadh gur radón ba chúis le suas le 200 cás ailse scamhóg in Éirinn agus as an méid sin is daoine a chaitheann tobac, nó a chaitheadh tobac, tuairim is 90% díobh.

Mar chuid d'athbhreithniú an RPII/NCRI breithníodh ar ghá an Leibhéal Tagartha náisiúnta de 200 Bq/m^3 a athrú, maidir le bheith faoi lé radóin i dtithe cónaithe. Ní bhfuarthas aon chúis an leibhéal sin a athrú, mar go bhfuarthas nach raibh an baol ón leibhéal sin aon phioc níos measa ná an baol ó ghuaiseacha eile a mbíonn daoine i dteagmháil leo go rialta i rith an lae.

Ábhair le NORM (Naturally Occurring Radioactive Materials)

In 2005, d'fhoilsigh an RPII a staidéar maidir le daoine a bheith faoi lé NORM ag an stáisiún móinbhreoslaithe i nDroichead na Sionainne. Léirigh torthaí an staidéir, a bhí ina chomhstaidéar idir RPII, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an BSL, go raibh na dáileoga a raibh na hoibrithe sa mhonarcha faoina lé faoi bhun 150 µSv.

Cuireadh i gcrích an measúnú raideolaíoch ar eastóscadh gáis nádúrtha, le linn 2005, i gcomhar le Marathon Petroleum Ltd, an príomhtháirgeoir gáis náisiúnta atá ag feidhmiú faoi láthair in Éirinn. De réir na dtorthaí fuarthas nach ngintear ach dáileoga atá go maith faoi bhun na teorann reachtúil ó ghníomhaíochtaí oibre a bhaineann le heastóscadh gáis náisiúnta in Éirinn.

Cuireadh i gcrích measúnú raideolaíoch ar an tionscal báicsíte in Éirinn i rith na bliana chomh maith. Mar chuid den iniúchadh tomhaiseadh leibhéil radaíochta ar an láthair i gcoirt, i láib, i ngaineamh agus in uisce.

Léirigh sna hiniúchtaí go léir go raibh na dáileoga go maith faoi bhun na teorann reachtúla de 1000 µSv agus dá bhrí sin go bhfuil na tionscail i gceist saor ó rialú.

Measúnú ar na Dáileoga a mbíonn Pobal na hÉireann faoina lé

In 2005, chuir an RPII tús le tionscadal trí bliana chun measúnú a dhéanamh ar an méandáileog a mbíonn pobal na hÉireann faoina lé in aghaidh na bliana. Nuair a bheidh sé i gcrích, cuirfidh an measúnú eolas luachmhar ar fáil ar na foinsí éagsúla radaíochta saorga agus nádúrtha, chomh maith le meastachán ar na dáileoga is airde a mbeifí ag súil leo.

Ullmhacht le haghaidh Éigeandála

Líonra Monatóireachta ar an Ráta Dáileoga Gáma

In 2005, chuir an RPII i gcrích an t-uasghrádú a bhí ar bun aige ar an líona náisiúnta de stáisiúin mhonatóireachta radóin agus cuireadh leis an líon stáisiún feadh na gcóstaí thiar agus thoir. Déanann an líonra monatóireacht leanúnach ar an leibhéal radaíochta cúlraí ar fud na hÉireann agus sa chás go mbraitear leibhéil ardaithe radóin, cuirtear oifigeach dualgais an RPII ar an eolas go huathoibríoch. Tá na sonraí ón líonra seo ar fáil ar na leathanaigh ghréasáin nuadheartha maidir le Pleanáil Éigeandála ar shuíomh gréasáin an RPII, maille le heolas ar an bPlean Éigeandála Náisiúnta le haghaidh Taismí Núicléacha agus taismí núicléacha a tharla roimhe seo.

Cleachtaí d'Éigeandálaí

Bhí an RPII ar cheann de na ranna rialtais a ghlac páirt sna cleachtaí INEX 3 d'éigeandálaí i mí na Samhna. Bhí an cleachtadh seo ar chuid de shraith cleachtaí a cheap Nuclear Energy Agency an OCED chun an próiseas cinnteoireachta a thástáil atá i bhfeidhm i gcás éilliú radaíochta tromchúiseach. Dhírigh an cleachtadh seo ar chur i bhfeidhm frithbhearta talmhaíochta agus ar shrianta bia, ach bhí plé ann chomh maith maidir le téarnamh iomlán tar éis taisme núicléach.

Múnlaíodh an cleachtadh seo in Éirinn ar thaisme ionsamhalta ag an monarcha chumhachta núicléiche in Wylfa sa Bhreatain Bheag. Rinneadh an t-éilliú a d'eascródh as a leithéid de thaisme a shamhaltú ag úsáid an ríomhchláir ARGOS (Accident Reporting and Guiding Operational System). Níos luaithe i rith na bliana, bhí an RPII tar éis an tsamhail FDM a chur leis an ríomhchlár ARGOS. Cuireadh FDM in oiriúint do chleachtais talmhaíochta in Éirinn ag baint úsáide as sonraí a chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus Teagasc ar fáil. Le linn an chleachtaidh, baineadh úsáid as FDM chun tiúchan radaighníomhaíochta i mbia-ábhair agus i mbia d'ainmnithe a réamh-mheas chun go bhféadfaí breathnú ar na frithbhearta a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm.

Chomh maith leis an gcleachtadh INEX 3, ghlac an RPII páirt i gcleachtaí cumarsáide eile agus i gcleachtaí tuairiscithe teagmhas leis an IAEA agus leis an gCoimisiún Eorpach. Chomh maith leis sin, in 2005 reáchtáil Cúltaca na bhFórsaí Cosanta agus an Chosaint Shibhialta cleachtaí náisiúnta chun a róil a thástáil faoin bPlean Éigeandála Náisiúnta le haghaidh Taismí Núicléacha agus ghlac an RPII páirt sna cleachtaí seo, go háirithe maidir le traenáil réamhchleachtaidh.

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Bíonn RPII fós gníomhach in obair eagraíochtaí tábhachtacha idirnáisiúnta a bhíonn ag ceapadh caighdeán agus treoracha maidir le sábháilteacht núicléach agus le radaíocht ianaíoch. I measc na n-eagraíochtaí sin tá an Coimisiún Eorpach, An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) agus an Ghníomhaireacht do Fhuinneamh Adamhach (NEA) de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta. Faoi láthair tá ballraíocht ag an RPII ar os cionn 20 coiste agus grúpa oibre eolaíochta idirnáisiúnta. Ina measc siúd tá an Radioactive Substances Committee de chuid OSPAR, a dhéanann measúnacht ar dhoirteadh radaíochta sa chomhshaol muirí, an Working Party on Nuclear Safety, atá ag athbhreithniú na bealaí tabhairt faoi shábháilteacht núicléach agus sábháilteacht maidir le bainistiú ar bhreosla núicléach ídithe agus dramhaíl radaighníomhach san Aontas Eorpach agus an Grúpa Oibre EURADOS atá ag comhchuibhiú nósanna imeachta don monatóireacht ar dháileoga radaíochta a mbíonn oibrithe faoin lé.

Le linn 2005, ceapadh baill foirne de chuid an RPII i gceapacháin idirnáisiúnta thábhachtacha. Toghadh ball amháin den fhoireann

ar Committee 4 den International Commission on Radiological Protection (ICRP). Tá an ICRP ar an bpríomheagraíocht idirnáisiúnta a chuireann buntreoir ar fáil maidir le cosaint radaíochta agus is ar a Committee 4 atá an fhreagracht an treoir seo a chur i bhfeidhm. Ceapadh ball foirne eile mar chathaoirleach ar an TRANSSC (Transport Safety Standards Committee) de chuid an IAEA, agus ball eile mar chathaoirleach ar Ghrúpa Oibre WHO maidir le Treoirlínte Nochta Radóin. Tá ball foirne de chuid an RPII mar chathaoirleach freisin ar an líonra nuabhnaithe – ERPAN (European Radiation Protection Authorities Network).

Bíonn an RPII i dteagmháil leanúnach leis an dá rialtóir núicléacha sa Bhreatain, is é sin an Nuclear Installations Inspectorate of the Health and Safety Executive agus an Environment Agency. Reáchtáladh cruinnithe leis an dá rialtóir i rith na bliana. Glacann an RPII páirt chomh maith sa chruinniú teagmhála bliantúil leis an Centre for Environment, Fisheries and Aquaculture Science (CEFAS) sa Bhreatain agus leis an tsaotharlann raidéiceolaíochta den Institut de Radioprotection et de Sûreté Nucléaire (IRSN) sa Fhrainc.

I mí Lúnasa, shínigh an RPII Meabhrán Tuisceana le hArd-Stiúrthóireacht na Fraince um Shábháilteacht agus Cosaint Raideolaíoch (DGSNR). Is é is cuspóir don Mheabhrán ná éascú a dhéanamh ar an roinnt eolais theicniúil agus rialála maidir le cosaint radaíochta agus le sábháilteacht na saoráidí núicléacha idir an dá thír. Toisc scála an chláir núicléach sa Fhrainc, cuirfidh an Meabhrán bealach ar fáil chun gur féidir bheith cothrom le dáta ó thaobh na bhforbairtí is déanaí sa teicneolaíocht núicléach. Tharla an chéad mhalartú faoin Meabhrán i mí na Nollag nuair a thug cigire ó DGSNR cuairt ar trí áis radaiteiripe in Éirinn, in éineacht le foireann RPII a bhí ag cur iniúchta i gcrích sna háiseanna sin.

Glacann an RPII páirt i gclár an IAEA Technical Co-operation Programme sa mhéid is go gcuireann an RPII saineolaithe ar fáil chun ábhar comhairleach a cheapadh, chun cúrsaí traenála a reáchtáil agus chun comhairle a sholáthar. Le linn 2005, mar chuid den obair sin tugadh cuairteanna oibre ar an gCróit, ar Eacuadór, ar an tSeapáin agus ar an Liobáin. Chomh maith leis sin, ar iarratas ón gCoimisiún Eorpach agus ón IAEA, thug eolaithe ón gCipir agus ó Mheicsiceo cuairt ar an RPII agus ar a shaotharlanna chun go n-oilfí iad i dteicnící tomhais radaighníomhaíochta agus chun ullmhacht d'éigeandála a phlé mar atá in Éirinn, le béim ar leith ar chórais mhonatóireachta radaíochta, faoi seach.

Le linn 2005, chuir an RPII tús le hobair ar thionscadal atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach chun daingniú a dhéanamh ar an acmhainn riaracháin sláinte sa Bhulgáir chun gur féidir an treoir Drinking Water Directive (98/83/EC) a chur i bhfeidhm. An ról atá ag an RPII sa tionscadal seo ná clár traenála agus oideachais a cheapadh agus a sheachadadh d'údaráis na Bulgáire a bhfuil an fhreagracht orthu an reachtaíocht seo a chur i bhfeidhm. Thug beirt eolaithe ón Ionad Náisiúnta um Radaibhitheolaíocht agus um Chosaint Raideolaíoch, Sófia, cuairt ar an RPII le linn mhí na Nollag chun staidéar a dhéanamh ar na teicnící anailíseacha atá in úsáid sa tsaotharlann.

Comhairle ar an Rialtas

Sábháilteacht Núicléach agus Radaíochta thar lear

Le linn 2005, cuireadh an RPII ar an eolas, trí mheán na Seirbhíse Faisnéise ag IAEA, maidir le 23 teagmhas núicléach thar lear. Bhain seacht gcinn díobh seo le himoibreoirí núicléacha, bhain 12 le foinsí radaíochta, tharla ceann amháin in ospidéal agus bhain ceann amháin eile le saotharlann taighde. Bhain an dá cheann dheireanacha le déantúsaíocht breosla núicléach agus le saoráid athphróiseála breosla faoi seach.

Thuairiscigh an UK Nuclear Installations Inspectorate (NII) don RPII maidir leis an taisme sa tsaoráid athphróiseála breosla, a bhain le píobán ar theip air ag THORP (Thermal Oxide Reprocessing Plant) in Sellafield. Rangaíodh é ag leibhéal 3 ar scála INES, agus dá bhrí sin is teagmhas tromchúiseach go leor a bhí ann. Rangaíodh aon cheann déag de na teagmhais eile ag leibhéal 2, agus cé nach raibh siad díreach chomh tromchúiseach go raideolaíoch, bhí teip shuntasach ann ó thaobh córais sábháilteachta de.

Chomh maith leis sin, chuir an NII an RPII ar an eolas maidir le mionteagmhais eile nach raibh faoi réir chritéar tuairiscithe INES de chuid an IAEA. Tharla ceithre cinn díobh seo in Sellafield.

Ní raibh aon impleachtaí raideolaíocha ag na teagmhais go léir thuasluaite d'Éirinn.

Teip Phíobáin sa tSaoráid THORP in Sellafield

Ar an 20 Aibreán 2005, rinneadh iniúchadh le ceamara ar sheomra séalaithe inmheánach laistigh de THORP agus léirigh sé gur éalaigh méid suntasach leachta isteach i mbun an tseomra. Chuathas i mbun an iniúchta mar gur ríomhadh neamhréireacht sa chomhardú ábhartha núicléach, agus ceapadh ar dtús gur de bharr mí-áireamh a tharla sé seo. Léirigh an t-iniúchadh gur bhris an píobán fothaithe a bhí ceangailte le humar tástála a bhí ar crochadh ón tsíleáil.

Léiríodh in iniúchadh a rinne Bord Fiosrúcháin, a chuir na húinéirí British Nuclear Group (BNG) ar bun, go raibh seans gur thosaigh an píobán ag ligean chomh luath le mí Iúil 2004. Faoin taca gur tugadh faoi deara go raibh an píobán ag ligean, bhí 83.4 méadar ciúbach leachta tar éis sceitheadh ón bpíobán isteach san imshrianadh tánaisteach, agus meastar go raibh tuairim is 20 tonna úráiniam agus 250 cileagram plútóiniam sa sceitheadh sin.

Ceann de na cúiseanna imní is mó faoinar tharla ná, de réir cosúlachta, ná nár tógadh an seomra de réir na sonraíochtaí bunaidh agus níor chuir an dearadh nua san áireamh i gceart gluaiseacht an phíobáin agus an umair lena bhfuil an píobán ceangailte. Cuireadh leis an bhfadhb toisc an dearcadh a bhí ag an bhfoireann nach bhféadfadh "trealamh nua" a bheith máchaileach agus dá bhrí sin gur bhain na neamhréireachtaí sa chomhardú ábhartha núicléach le mí-áireamh seachas le haon mháchail ar an trealamh. Taispeánadh i dTuarascáil an BNG go raibh easnaimh áirithe ann i gcur i bhfeidhm nósanna imeachta chomh maith le doiciméadú áirithe a bheith in easnamh le haghaidh nósanna imeachta ar leith.

Chúisigh an NII an BNG ina dhiaidh sin toisc go raibh siad tar éis coinníollacha a gceadúnais a shárú agus phléadáil an chuideachta ciontach.

Cumarsáid

Chuathas i mbun raon gníomhaíochtaí agus imeachtaí cumarsáide i rith na bliana chun feasacht a spreagadh i measc spriocghrúpaí ag an RPII – is é sin an pobal, custaiméirí, an rialtas áitiúil agus an rialtas láir, fostóirí agus na meáin – i leith an RPII agus a chuid gníomhaíochtaí. San áireamh sna gníomhaíochtaí sin bhí:

- Feachtais faisnéise poiblí
- Cruinnithe faisnéise leis na meáin
- Treoirdhoiciméid a fhoilsiú
- Eolas eolaíochta agus teicniúil a fhoilsiú
- Bróisiúir agus póstaeir a fhoilsiú
- Preasráitis a eisiúint
- Forbairt ar an suíomh gréasáin
- Cur i láthair, taispeántais agus seimineáir

Mar chuid den fheachtas réamhghníomhach caidrimh phoiblí agus caidrimh leis na meáin, eisíodh 14 preasráiteas i gcomhthráth le mór-imeachtaí ag an RPII. Le linn na bliana, chuir an RPII chun cinn feasacht maidir lena ghníomhaíochtaí, go háirithe maidir le radón, go réigiúnach agus go háitiúil, trí mheán a sheónna bóthar. Tapaíodh gach deis chun fónamh a bhaint as raidió náisiúnta agus as raidió áitiúil mar mheán chun eolas a scaipeadh ar an lucht éisteachta is leithne agus ab fhéidir. Léirigh na meáin spéis thar na bearta i rith na bliana sna cúrsaí agus ghlac an fhoireann páirt in os cionn 90 clár teilifíse agus raidió. Ina theannta sin, i rith na bliana, tuairiscíodh ar ghníomhaíochtaí RPII go forleathan sna meáin chlóite agus bhí an iliomad alt mar gheall ar an RPII agus ar a chuid oibre i bhfoilseacháin do thomhaltóirí agus i bhfoilseacháin trádála.

Tá ról ríthábhachtach ag suíomh gréasáin an RPII, www.rpii.ie, teacht ar raon leathan spriocghrúpaí agus eolas a scaipeadh orthu, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is acmhainn chun dáta, ábhartha agus úsáideach é a nuashonraítear go rialta le linn na bliana le preasráitis agus le foilseacháin agus cuireadh an suíomh ar bun chun go mbeadh rochtain ag an bpobal ar líonra stáisiún monatóireachta radaíochta an RPII ar fud na tíre. Ar an meán, rinne 4249 cuairteoir ar leithligh rochtain ar an suíomh gach mí in 2005 – sin trí huaire an líon a thug cuairt air in 2001. Ar na leathanaigh is mó ar tugadh cuairt orthu ar an suíomh bhí: radon maps and information, publications, press releases agus emergency planning information.

Ghlac saineolaithe eolaíochta an RPII páirt go rialta i gcomhdhálacha agus i seimineáir, ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta, agus labhair siad mar aoichainteoirí ag cruinnithe poiblí, agus ag sainchúrsaí, le raon leathan grúpaí agus le heagrais ghairmiúla eile.

I measc na n-ábhar a foilsíodh i rith na bliana bhí póstar feasachta faoi radón a dáileadh go forleathan agus taispeántas póstaer dar teideal 'Radioactivity in your environment' a ndeachaigh ENFO ina bhun le linn mhí na Samhna agus mhí na Nollag. Cuirtear gach ceann d'fhoilseacháin an RPII ar fáil saor in aisce ar an suíomh gréasáin.

Foilseacháin

Tuarascálacha an RPII

Report of the RPII visit to BNFL Sellafield. RPII-05/01.

Environmental radioactivity surveillance programme 2001 and 2002. RPII-05/02.

Radioactivity monitoring of the Irish marine environment 2002. RPII-05/03.

Páipéir Eolaíochta

Akinmboni, R., McMahon, C.A.*, Long, S.C.* and Colgan, P.A.* 2005. Environmental impact assessment of iodine-131 discharged from hospitals in Ireland, In Proceedings of the 3rd International Environmental Radioactivity Conference, Nice, October, 2005.

Duffy, J.T., O'Grady, J., Madden, J.S., Ryan, T.P. 2005. Transport of radioactive material in Ireland. In Proceedings of the 7th International Conference on Radioactive Materials Transport 2005, 27th-29th September, hosted by the Institution of Nuclear Engineers and held at Churchill College, Cambridge University, UK.

Jones, D.G., P.J. Kershaw, P.J., McMahon, C.A.*, Murray, M.*, Hunt, G.J. 2005. Changing patterns of radionuclide distribution in Irish Sea subtidal sediments, In Proceedings of the 3rd International Environmental Radioactivity Conference, Nice, October, 2005.

Kershaw, P.J., McMahon, C.A.*, Rudjord, A.L., Smedley, C., Leonard, K.S. 2005. Spatial and temporal variations in concentration factors in NW European Seas – secondary use of monitoring data. *Radioprotection Colloques,* 40, S93-S99.

McMahon, C.A.*, Fegan, M.*, Wong, J.*, Long, S.C.*, McKittrick, L.*, Thomas, K., Ryan, T.P.*, Rafferty, B.* 2005. Transfer of conservative and non-conservative radionuclides from the Sellafield nuclear fuel reprocessing plant to the coastal waters of Ireland. *Radioprotection Colloques,* 40, S629-S634.

Organo, C.*, Lee, E.M., Menezes, G., Finch, E.C. 2005. Investigation of occupational radiation exposures to NORM at an Irish peat-fired power station and potential use of peat fly ash by the construction industry. *Journal of Radiological Protection*, 25 p. 461–474.

Ailt Ghinearálta

Dawson, D., 2005. Radioactivity in your environment. ENFO Exhibition.

Fenton, D., Colgan, P.A. 2005. Radon in Irish above-ground workplaces: regulatory and information efforts. 9th Workshop on Occupational Exposure to Natural Radiation, Augsburg, Germany, October 2005. www.eu-alara.net.

McMahon, C., Fegan, M., 2005. Food monitoring and research at the RPII. *Safefood CRRN-Newsletter*, No. 1 May. P. 3-4.

Somerville, S., McMahon, C., 2005. Upgrading the RPII's national monitoring network. *The Irish Scientist 2005 Yearbook*, p. 37.

** Foireann an RPII i gcomhar le húdair eile*

Léirigh na meáin spéis thar na bearta i rith na bliana i gcúrsaí na hinstitiúide agus ghlac an fhoireann páirt i 90 clár teilifíse agus agallamh raidió agus tuairiscíodh ar ghníomhaíochtaí an RPII go forleathan sna meáin chlóite.

Seirbhísí Corparáideacha

Réamhrá

Téann an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha i mbun na réimsí oibre seo a leanas: rialachas corparáideach, riarachán airgeadais láir, TF agus seirbhísí tacaíochta lena n-áirítear bainistiú áiseanna agus d'ullmhaigh an rannóg an t-iarratas ar an Acht um Shaoráil Faisnéise i mí Bealtaine 2006. Ar na nithe suntasacha a baineadh amach i rith na bliana bhí siad seo a leanas:

Rialachas Corparáideach

In 2001, d'eisigh an Roinn Airgeadais an cód éigeantach – Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit – a bhí le cur i bhfeidhm i ngach comhlacht stáit, comhlachtaí tráchtála agus neamhthráchtála araon. Tá an RPII ag cur an Chóid i bhfeidhm céim ar chéim, ag tabhairt tús áite do na ceanglais is práinní. Maidir leis seo, rinne an Bord faomhadh orthu seo a leanas in 2005:

- Sceideal de na Nithe atá Forcoimeádta don Bhord
- Cód Iompraíochta Gnó do bhaill an Bhoird agus d'fhoireann an RPII
- Measúnú riosca – clár de na príomhrioscaí corparáideacha agus na rialaithe a bhaineann leo
- Córas um Shláinte Cheirde agus um Bainistiú Sábháilteachta don RPII.

In 2005, rinne an Bord maoirseacht ar chur i bhfeidhm na moltaí a d'eascair as athbhreithniú uile-eagraíochta ar tugadh faoi in 2004 agus rinne sé faomhadh ar Ráiteas Straitéise don tréimhse 2005-2007. Chuir an Coiste Iniúchta agus an t-iniúchóir inmheánach i gcrích an t-athbhreithniú bliantúil ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais in 2005, atá de cheangal ar an RPII a dhéanamh.

Go déanach in 2005, rinne an Bord coimisiúnú ar shainchomhairleoirí le go ndéanfaí athbhreithniú ar a fheidhmíocht, agus cuirfear na moltaí i bhfeidhm in 2006. Rinne an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh go luath in 2006.

Airgeadas

Ba é €5.937 milliún iomlán an t-ioncam a bhí ag an RPII in 2005 – agus é sin comhdhéanta de dheontas €3.663 milliún agus €1.264 milliún i dteacht isteach ó tháillí a gearradh le haghaidh na nithe seo a leanas: ceadúnais, dáileogmhéadracht, deimhniú ar tháirgí, tomhas ar radón agus seirbhísí eile. Faoin Caighdeán Cuntaíoschta FRS17 tá deontas eile de €1.050 milliún in ghlacaithe ag RPII. Ba é €451,780 an caiteachas caipitil. Sháraigh an t-ioncam an caiteachas i rith na bliana - ba é €202,305 an difríocht.

Comhlíonann an RPII gach rialúchán maidir le soláthar poiblí agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc taobh istigh de na teorainneacha ama atá sonraithe nó taobh istigh den tréimhse reachtúil mura bhfuil méid ama sonraithe ar an sonrasc.

Acmhainní Daonna

Mar chuid den chomhlíonadh ar na moltaí a d'eascair as Athbhreithniú na hEagraíochta, cuireadh Rannóg Acmhainní Daonna ar bun leathshlí tríd 2005.

Ceann de na príomhthascanna ag an tús ná Straitéis AD a cheapadh, ag cur ar bun raon seirbhísí le soláthar agus na seirbhísí sin a sheachadadh. Sa chuid eile den bhliain scrúdaíodh an próiseas earcaíochta a bhí ann agus cinneadh ar chreat inniúlacht-bhunaithe a chur i bhfeidhm, de réir na gcleachtas is fearr. Cuireadh foireann uile an RPII in iúl ar na próisis nua agus eagraíodh oiliúint don fhoireann i scileanna agallóra agus agallaí. Bunaithe ar na riachtanais a tháinig chun solais tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS), cheap an Rannóg AD plean oiliúna agus forbartha le haghaidh gach ball foirne. Baineadh amach luach ar airgead agus éifeachtúlacht chun an oiliúint seo a chur ar fáil toisc na seisiúin oiliúna a chur ar fáil i ngrúpaí agus an oiliúint a chur ar fáil ar an láthair oibre, nuair a bhí sin indéanta.

An Fhoireann

Toisc cur i bhfeidhm na moltaí ó athbhreithniú na heagraíochta in 2004 maidir le struchtúr na heagraíochta agus bunú rannóg acmhainní daonna, tháinig sé chun solais go raibh an eagraíocht go maith taobh thiar de na riachtanais is déanaí ó thaobh soláthar foirne do chúrsaí riaracháin. Bhí an scéal níos measa fós, toisc go bhfuil níos mó á éilimh ar an bhfoireann sin toisc rialachas corparáideach. Le tacaíocht ón mháthair-rannóg tapaíodh gach deis le cinntiú gur baineadh an fónamh is fearr an fhoireann iomlán – is é sin 46 duine. Ní bhfuarthas cead cur leis an líon foirne agus dá bhrí sin tá an easpa foirne sa rannóg riaracháin fós ina saincheist ar ghá aghaidh a thabhairt uirthi.

Comhionannas

Tá an RPII tiomanta do pholasaí comhionannas deiseanna i ngach gné dá ghníomhaíochtaí. Leagtar béim ar leith ar chomhionannas i gcúrsaí earcaíochta, i gcoinníollacha fostaíochta agus i rochtain ar ardú céime, ar oiliúint agus ar fhorbairt ghairme. Tugann an RPII aitheantas don tábhacht a bhaineann le huaireanta oibre solúbtha agus go bhfuil siad mar chuid thábhachtach de pholasaithe comhionannais. Dá bhrí sin tá scéimeanna mar seo a leanas i bhfeidhm aige: uaireanta solúbtha oibre, saoire le haghaidh staidéir, sos gairme agus comhroinnt poist. Faoi láthair, baineann naonúr fónamh as an rogha atá ann post a roinnt chun gur féidir leo a gcothromaíocht phearsanta féin a bhaint amach idir an saol oibre agus an saol pearsanta acu.

Comhpháirtíocht

Go luath in 2005, leag grúpa oibre, a bunaíodh chun straitéis chomhpháirtíochta a cheapadh le haghaidh RPII, an bhunchloch chun go mbunófaí Coiste Comhpháirtíochta a thiocfadh in ionad an Worker Participation Forum atá ann faoi láthair. Tar éis comhairliúchán a bheith ann leis an bhfoireann, dréachtaíodh téarmaí tagartha don

choiste, le cúnamh ó éascaitheoir neamhspleách. Léirigh na téarmaí tagartha sin aidhm leathan na comhpháirtíochta – is é sin feabhas a chur ar an timpeallacht oibre, ar tháirgiúlacht agus ar bharr feabhais a bhaint amach sna seirbhísí trí fhóram a chur ar fáil le go roinnfí eolas, don chomhairliúchán agus chun réiteach a fháil ar fhadhbanna. Nuair a cuireadh an Coiste ar bun bhí ocht n-ionadaí air: duine ón gceardchumann IMPACT, duine as gach ceann de na ceithre rannóg, an Príomhfheidhmeannach, bainisteoir sinsearach amháin agus bainisteoir lárleibhéil amháin. Tháinig an coiste le chéile don chéad uair i mí Lúnasa agus cuireadh ar bun na nósanna imeachta feidhmiúcháin faoina rialódh an coiste é féin agus trína ndéanfadh an coiste cumarsáid leis an bhfoireann. Tháinig an coiste le chéile go rialta ina dhiaidh sin chun déileáil leis an gcód iompraíochta gnó, leis an straitéis um chumarsáid inmheánach agus le socruithe maidir le comhroinnt oibre.

Sláinte agus Sábháilteacht

Ó cuireadh i bhfeidhm An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, rinne an RPII athbhreithniú ar a shocruithe sláinte agus sábháilteachta. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, beartaíodh ar mheasúnú riosca a dhéanamh ar áiseanna agus ar ghníomhaíochtaí an RPII a bhíonn idir lámha ag an bhfoireann nuair atá siad ar ghnó oifigiúil, agus Córas Bainistíochta Sábháilteachta a cheapadh chun go mbeadh an RPII ag comhlíonadh na reachtaíochta reatha ina hiomláine. Tar éis próiseas tairisceana foirmiúil ceapadh Sainchomhairleoir Sláinte agus Sábháilteachta chun an obair sin a chur i gcrích, agus cuireadh tús leis an obair i mí Mheán Fómhair.

Fuinneamh agus Éifeachtacht

Chun cloí le polasaí an Rialtais maidir le héifeachtacht fuinnimh, rinne Energy Conservation Working Group an RPII, caomhnú fuinnimh agus athchúrsáil a chur chun cinn ar fud na heagraíochta. Tá bainistíocht dramhaíola agus athchúrsáil mar chuid de shainchúram an Ghrúpa seo freisin. Úsáidtear feistí ísealfhuinnimh in beagnach gach córas soilsithe san fhoirgneamh agus rinneadh an córas teasa a chur in oiriúint chun go bhféadfaí an teas a rialú sna hoifigí ar leithligh. Chomh maith leis sin, tá béim níos mó ar a chinntiú go mbailítear an dramhpháipéar uile agus go n-athchúrsáiltear é.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Tá an tacaíocht a chuireann teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) lárnach do ghnó an RPII. Toisc an t-éileamh ar TFC a bheith ag dul i méid, agus toisc go mbítear ag brath ar na seirbhísí seo níos mó is níos mó, cuireadh le líon na mball foirne na rannóg TF trí roinnt den fhoireann a bhogadh ó rannóga eile in 2005.

I measc na réimsí a ndearnadh forbairt orthu in 2005 bhí an bonneagar líonraithe inmheánach, rochtain ar an idirlíon agus naisc sheachtracha. Rinneadh uasghrádú ar an trealamh lasctha inmheánach chun go mbeadh an líonra níos gasta agus níos iontaofa. Suiteáladh freastalaí chun go bhféadfaí chomhdhlúthú a dhéanamh ar gach córas gréasánbhunaithe inmheánach agus go mbeidís go léir ag feidhmiú ó fhreastalaí tiomnaithe amháin. Cuireadh seachfhreastalaí i bhfeidhm chun go bhféadfadh líon níos mó den fhoireann rochtain a fháil ar an idirlíon. Suiteáladh naisc gan sreang idir cianoifigí chun a chinntiú go mbeadh seirbhís fós ar fáil dá dteipfeadh ar na naisc snáthoptaice atá ann faoi láthair. Suiteáladh ceangail sheachtracha idirlín sa bhreis chomh maith le córas chun cothromú lóid cúltaca uathoibríoch a sholáthar

Chun cur leis an éifeachtúlacht agus leis an gcríochnúlacht, rinneadh sruthlíniú ar an gcóras cuntasaíochta trí 3 chóras chuntasaíochta a nascadh lena chéile chun go mbeadh aon chóras amháin ann. Rinneadh athbhreithniú ar an gcostas atá ar na seirbhísí cumarsáide, chun chinntiú go bhfuil an RPII ag baint an fhónaimh is fearr agus is féidir as an iomaíocht atá ann sa réimse sin i láthair na huaire.

Bainistiú ar Thaifid

Cuireadh i gcrích an chéad chéim de thionscadal, ar cuireadh tús leis in 2004, chun córas nua um bainistiú ar thaifid a thabhairt isteach. Is córas nua TF-bhunaithe é an córas nua rangaithe, atá bunaithe ar fheidhm agus ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus a chinnteoidh gur féidir eolas eagraíochta a aithint go gasta agus a aisghabháil go gasta, go ngabhtar eolas tábhachtach go tapa agus go gcoinnítear é mar is gá agus go scriostar eolas nach bhfuil gá leis a thuilleadh ar bhonn rialta agus go héifeachtach.

Seirbhís Chustaiméirí den Scoth

Tá an RPII tiomanta seirbhís chustaiméirí ar ardchaighdeán a chur ar fáil dá chustaiméirí uile ar fud raon iomlán gníomhaíochtaí. Tá cairt chustaiméirí ann a leagan amach gealltanais uile an RPII i leith a chustaiméirí. Tá creidiúnú caighdeán ISO 17025 ag an RPII ón mBord Náisiúnta um Chreidiúnú do na seirbhísí tomhais a chuireann sé ar fáil don phobal agus do thionscail.

In 2005, cheap an RPII bainisteoir seirbhís chustaiméirí, trí chuid den fhoireann atá ann cheana féin a bhogadh, agus cuireadh ar bun Grúpa Oibre um Sheirbhís Chustaiméirí den Scoth (QCS). Thosaigh an grúpa seo ar an gcéad phlean gníomhaíochta QCS de chuid an RPII a cheapadh agus táthar ag súil é a fhoilsiú in 2006. Leagfar amach sa phlean na bearta a bhfuil gá iad a chur i bhfeidhm chun feabhas níos mó a chur ar sheachadadh na seirbhísí. Meastar go bhfeidhmeoidh an chéad phlean go dtí deireadh 2007 chun gur féidir na pleananna ina dhiaidh sin a ailíniú leis an bpróiseas a bhaineann leis an bplean straitéise.

Baill An Bhoird

Chríochnaigh téarma oifige an Dr W Blunnie ar an 25 Meán Fómhair 2005. Ceapadh an Dr M Hurley ar an mBord le héifeacht ón 24 Deireadh Fómhair 2005.

Tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire i rith na bliana. Tá líon na gcruinnithe ar fhreastail gach ball Boird orthu liostáilte thíos. Is é atá i gceist leis an uimhir idir lúibíní ná an líon cruinnithe a raibh an ball áirithe sin i dteideal freastal orthu. I gcás na mball ar ainmnigh eagraíocht iad ar an mBord, tugtar ainm na heagraíochta a d'ainmnigh iad. Ainmníodh seisear ar an mBord mar seo.

Cathaoirleach An Dr Francis J Mulligan	8(8)	An Dr William Blunnie *Comhairle na nDochtúirí Leighis*	1(6)
Gregory Burke Uasal *Institute of Food Science and Technology of Ireland*	8(8)	An tOllamh Kieran Byrne	1(8)
An Dr Patrick Connellan *An Chomhairle Fiaclóireachta*	5(8)	Anita Dowling Uasal *Association of Physical Scientists in Medicine*	6(8)
An Dr Seán Darby *Dámh na Raideolaithe RCSI*	3(8)	James Fitzmaurice Uasal	2(8)
An Dr Michael Hurley *Comhairle na nDochtúirí Leighis*	1(2)	An Dr Lesley Malone *Irish Nuclear Medicine Association*	6(8)
Darina Muckian Uasal	8(8)	Adi Roche Uasal	4(8)
Francis J Turvey Uasal	8(8)		

Ba é €83,054 an méid iomlán a caitheadh ar luach saothair agus ar speansais an Bhoird in 2005.

Ballraíocht Choiste Iniúchta an Bhoird:
An Dr F J Mulligan (Cathaoirleach), An Dr P Connellan agus an tUasal J Fitzmaurice.

Struchtúr na Foirne agus na Bainistíochta Sinsearaí

Príomhfheidhmeannach
An Dr Ann McGarry

Stiúrthóir ar Sheirbhísí Monatóireachta agus Tomhais Radaíochta
An tUas. David Pollard

Stiúrthóir ar Sheirbhísí Corparáideacha
An Dr Barbara Rafferty

Stiúrthóir ar Sheirbhísí Comhairleacha
An Dr Tony Colgan

Stiúrthóir ar Sheirbhísí Rialála
An Dr Tom Ryan

Coistí Comhairleacha

An Coiste Comhairleach Um Radaíocht Chomhshaoil

Cuireann an Coiste seo comhairle ar an mBord maidir le radaighníomhaíocht sa chomhshaol.

Cathaoirleach
Gregory Burke Uasal

An tOllamh Ian R. McAulay
Darina Muckian Uasal
An tOllamh William Reville
An Dr Tony Colgan
An Dr Ann McGarry
An Dr Geraldine O'Reilly
Adi Roche Uasal
David Fenton Uasal
An tOllamh James P. McLaughlin
David Pollard Uasal
An tOllamh Philip Walton
Dermot Howett Uasal
An tOllamh Peter I. Mitchell
An Dr Barbara Rafferty
Stephanie Long Uasal (Rúnaí Eolaíochta)

An Coiste Comhairleach Um Radaíocht Leighis

Cuireann an Coiste seo comhairle ar an mBord maidir leis an úsáid a bhaintear as radaíocht ianaíoch i gcúrsaí leighis agus fiaclóireachta.

Cathaoirleach
An Dr George Duffy

Louise Diamond Uasal
Christopher Hone Uasal
An Dr Brendan McClean
Kate Matthews Uasal
An Dr Tom Ryan
Fionnuala Barker Uasal
An Dr Stephen Fennell
Dermot Howett Uasal
An Dr Ann McGarry
An Dr Michael Moriarty
An Dr Stephen Skehan (ceaptha 2005)
An Dr David Clarke
David Fenton Uasal
An Dr Lynn Johnston
An Dr Lesley Malone
An Dr Geraldine O'Reilly
Tanya Kenny Uasal (Rúnaí Eolaíochta)
Mary Coffey Uasal
An Dr Edward Fitzgerald
An Dr Pat Kenny
An Dr James Masterson (éirithe as 2005)
An tOllamh Wil van der Putten

An Coiste Comhairleach Um Chaidreamh Poiblí

Cuireann an Coiste seo comhairle ar fáil maidir le caidreamh poiblí.

Cathaoirleach
James Fitzmaurice Uasal

Gregory Burke Uasal
An Dr Tony Colgan
Marie Kelly Uasal
An Dr Ann McGarry



Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Té ráitis airgeadais na hInstitiúide Éireannach um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 iniúchta agam faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara

Freagrachtaí na hInstitiúide agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Institiúid na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí na hInstitiúide leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na hInstitiúide.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Institiúid an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leas na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Nollaig 2005 agus ar a ioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Institiúid. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Samhain 2006

Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, glacaim leis an bhfreagracht a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmíonn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Níl ar chumas an chórais ach forchinntiú réasúnta seachas forchinntiú iomlán a thabhairt, go ndéantar cosaint ar na sócmhainní, go ndéantar taifead ar aon idirbheart agus go mbíonn sé údaraithe, agus go dtugtar faoi deara nó go gcuirtear stop le haon mhí-rialtacht ábhartha, in am trátha.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord le suíomh rialaithe cuí a chinntiú trí

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- ghnáthaimh fhoirmiúla a chur ar bun le go dtugtar cuntas ar aon teip shuntasach sa chóras rialaithe agus go gcuirtear i bhfeidhm céimeanna cuí chun é a chur ina cheart.

Chuir an Bord gnáthaimh fhoirmiúla ar bun chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí

- chineál, fairsinge agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a mheas a bheadh i ndán don chomhlacht, fairsinge agus catagóirí a cheapann sé a bheith inghlactha san áireamh;
- an dóchúlacht go dtarlódh rioscaí aitheanta a mheas;
- cumas na heagraíochta bainistiú agus maolú ar na rioscaí a tharlaíonn.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadas bunaithe ar fhrámaíocht faisnéise rialta a chuimsíonn scagadh agus dáileadh ar fhreagrachtaí go ciallmhar. Lena n-áirítear, go háirithe:

- córas buiséid cuimsitheach, le buiséad bliantúil ar a ndéanann an Bord athbhreithniú agus a n-aontaíonn siad leis;
- athbhreithniú rialta ag an mBord ar chuntais bhainistíochta dhémhíosúla agus ar thuarascálacha airgeadais bliantúla, a chuireann in iúl feidhmíocht airgeadais an chomhlachta i gcomparáid le mar a bhí réamh-mheasta;
- treoirlínte rialaithe soiléire don infheistiú caipitil;

Bunaítear an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeacht an chórais um rialú inmheánach airgeadas ar obair an iniúchóra inmheánaigh, an Coiste Mheastóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, bainisteoirí feidhmitheacha laistigh den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a bhfuil freagracht orthu an creat oibre rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil agus na ráitis atá ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Chuir An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch feidhm iniúchta inmheánaigh ar bun de réir Chreatlach Chód na gCleachtas is Fearr atá sonraithe sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Bunaítear obair an iniúchta inmheánaigh ar eolas a fhaightear ón anailís riosca atá nochta don chomhlacht, agus bunaítear pleananna iniúchta inmheánaigh ar an anailís sin. Tá an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh formhuinithe ag an gCoiste Iniúchta agus faofa ag an mBord. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil bhliantúil ar fáil don Bhord maidir le gníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Sa tuarascáil tá tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar leordhóthaineacht agus ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadas.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeacht an chórais um rialú inmheánach airgeadas sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005.

Sínithe thar ceann an Bhoird

Gregory Burke

G Burke
Ball Boird

23 Samhain 2006

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na hInstitiúide

De réir Alt 16(1) den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991, tá sé de cheangal ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ionas gur féidir leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúíl iad a fhaomhadh le toiliú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá sé de cheangal ar an Institiúid:

- Polasaithe oiriúnacha cuntasóireachta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach tríd síos;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús gnóthas leantach mura bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an Institiúid uirthi ag feidhmiú
- Sonrú más rud é gur cloíodh le caighdeáin oiriúnacha chuntasóireachta faoi réir ag aon eisréimneacht ábhair a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá sí de fhreagracht ar an Institiúid leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtfadh ag aon am, le cruinneas réasúnta, staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfeadh ar a cumas a chinntiú go gcloífeadh na ráitis airgeadais le hAlt 16(1) den Acht. Tá sé de fhreagracht ar an Institiúid freisin sócmhainní Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a chosaint agus dá bhrí sin tá sé de dhualgas orthu na céimeanna cuí a ghlacadh le calaois nó aon mhí-rialtacht eile a thabhairt faoi deara.

G Burke
Ball Boird

F Turvey
Ball Boird

23 Samhain 2006

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

1. Bunús na Cunstasaíochta

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, seachas mar atá sonraithe thíos, faoin ghnás costais stairiúil, de réir cleachtas a nglactar leis go coitianta. Glactar le Caighdeáin Thuairisceoireachta Airgeadais atá molta ag forais chuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm. Is é an Euro an t-aonad airgeadra atá in úsáid sna ráitis airgeadais seo.

Tá na ráitis airgeadais san fhormáid atá faofa ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Airgeadais.

2. Ioncam

Is é atá san ioncam a léirítear sna Ráitis Airgeadais faoi dheontais Oireachtais ná fáltais airgid thirim a fuarthas i rith na bliana.

3. Sócmhainní Seasta

Luaitear sócmhainní ag a gcostas stairiúil lúide dímheas cnuasaithe. Ríomhtar dímheas sa mhodh díreach ag tagairt d'fhad saoil úsáideach measta na sócmhainní atá i gceist. Seo a leanas na rátaí:

- Troscán & Trealamh, Oifige agus Saotharlainne: 20%
- Déantar Feabhsúcháin ar an Láthair Léasachta a dhímheas thar tréimhse an léasa.

4. Aoisliúntas

Tá scéim sainithe pinsin i bhfeidhm ag an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a ndéantar maoiniú uirthi ar bhonn íoc mar a théir ó airgead a chuireann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar fáil agus ó ranníocaíochtaí ó thuarastail na foirne.

Léiríonn costais phinsin sochair a thuilleann na fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne atá ar coinneáil ag an Institiúid. Déantar méid, a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin, a chur san áireamh mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé in-aisghabhála, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Déantar gnóthachain nó caillteanas achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime a thaispeáint sa Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta agus cuirtear coigeartú comhfhreagrach san áireamh sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí a dhéanfar amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Is é atá sa phinsean iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

5. Cuntas Caipitil

Seasann an Cuntas Caipitil don luach anamúchtha ioncaim a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

6. Ioncam Réamhíoctha

Is é atá i gceist le hioncam réamhíoctha ná ioncam ó tháillí ceadúnas a íocann ceadúnaithe roimh ré le haghaidh tréimhsí sa todhchaí.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005

2004 Euro		Notaí	2005 Euro
	IONCAM		
3,310,000	Deontais Oireachtais		3,663,000
805,448	Maoiniú Glan Iarchurtha le haghaidh Pinsean	7b	1,050,014
(69,156)	Aistrithe chuig Cuntas Caipitil	2	(40,443)
4,046,292			4,672,571
471,101	Seirbhís Dáileogmhéadrachta & Calabraithe		528,719
358,605	Seirbhísí Tomhais Radóin		296,323
300,357	Seirbhís Monatóireachta Radóin		301,440
130,016	Seirbhís Rialaitheach		144,973
59,011	Ilghnéitheach/Ioncam Conartha		(7,003)
1,319,090			1,264,452
5,365,382			5,937,023
	CAITEACHAS		
2,576,562	Tuarastail	3	2,750,069
808,302	Pinsin	7c	1,018,491
188,660	Seirbhís Dáileogmhéadrachta & Calabraithe		93,816
117,862	Seirbhísí Tomhais Radóin		122,448
87,390	Seirbhís Monatóireachta Radóin		61,623
17,443	Seirbhís Rialaitheach		55,938
71,543	Cumarsáid		122,192
48,650	Sábháilteacht Núicléach		49,618
23,848	Leabharlann & Bainistiú Doiciméad		20,489
515,824	Cóiríocht & Árachas (Nóta 4)	4	513,762
143,189	Taisteal & Cothabháil		159,887
96,131	Earcaíocht agus Oiliúint		89,717
72,627	MIS, TF & Seirbhís Chustaiméirí		76,487
65,777	Postas, Guthán & Soláthairtí Oifige		88,716
164,944	Táillí Gairmiúla & Ilghnéitheach		76,096
11,950	Táillí Iniúchta		11,950
0	Drochfhiacha		12,082
356,478	Dímheas		411,337
5,367,180			5,734,718
(1,798)	**BARRACHAS/(EASNAMH) DON BHLIAIN**		202,305
413,931	Iarmhéid amhail an 1Eanáir		412,133
412,133	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		614,438

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 11.

Gregory Burke

G Burke
Ball Boird

Francis J. Turvey

F Turvey
Ball Boird

23 Samhain 2006

Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Iomlán

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005

2004 Euro		Notaí	2005 Euro
(1,798)	Barrachas/(Easnamh) don bhliain		202,305
(443,000)	Gnóthachain/(Caillteanais) taithí ar dhliteanais na scéime pinsin		478,000
(1,806,000)	Athrú ar an mbonn tuisceana ar a bhfuil luach reatha dhliteanais na scéime pinsin bunaithe		(777,000)
(2,249,000)	(Gnóthachain)/Caillteanais Achtúireacha ar Dhliteanais Phinsin	7f	(299,000)
2,249,000	Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Pinsin		299,000
(1,798)	Iomlán na ngnóthachan/gcaillteanas iomlán aitheanta don bhliain		202,305

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 11.

G Burke
Ball Boird

F Turvey
Ball Boird

23 Samhain 2006

Clár Comhardaithe

amhail an 31 Nollaig 2005

2004 Euro		Notaí	2005 Euro
1,122,231	**SÓCMHAINNÍ SEASTA**	1	1,162,674
	SÓCMHAINNÍ REATHA		
332,746	Airgead ar Láimh & sa Bhanc		744,785
425,523	Féichiúnaithe		387,271
758,269			1,132,056
	CREIDIÚNAITHE – méideanna dlite laistigh de thréimhse bliana		
266,148	Creidiúnaithe		393,464
79,988	Ioncam Roimh Ré		124,154
346,136			517,618
412,133	**GLANSÓCMHAINNÍ REATHA**		614,438
1,534,364	**SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA**		1,777,112
12,228,000	Maoiniú Iarchurtha Pinsin	7d	13,577,000
(12,228,000)	Dliteanas Pinsin	7e	(13,577,000)
1,534,364	**GLANSÓCMHAINNÍ**		1,777,112
	Maoinithe ag:		
412,133	**CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS**		614,438
1,122,231	**CUNTAS CAIPITIL**	2	1,162,674
1,534,364			1,777,112

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 11.



G Burke
Ball Boird



F Turvey
Ball Boird

23 Samhain 2006

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005

1. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Feabhsúcháin Léasachta €	Troscán agus Trealamh Oifige agus Saotharlainne €	Iomlán €
Costas:			
Amhail an 1 Eanáir 2005	788,301	4,232,114	5,020,415
Breiseanna	0	451,780	451,780
Diúscairt	0	(30,419)	(30,419)
Amhail an 31 Nollaig 2005	788,301	4,653,475	5,441,776
Dímheas:			
Amhail an 1 Eanáir 2005	429,696	3,468,488	3,898,184
Muirear don Bhliain	25,617	385,720	411,337
Ar dhiúscairt	0	(30,419)	(30,419)
Amhail an 31 Nollaig 2005	455,313	3,823,789	4,279,102
Leabharluach Glan amhail an			
31 Nollaig 2004	358,605	763,626	1,122,231
Leabharluach Glan amhail an			
31 Nollaig 2005	332,988	829,686	1,162,674

Le linn 2005, rinne an Institiúid athbhreithniú ar a Clár Sócmhainní Seasta agus bhain míreanna de a chosain €30,419 a bhí dímheasta ina n-iomláine agus nach raibh in úsáid a thuilleadh.

2. CUNTAS CAIPITIL

		2005 €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2005		1,122,231
Aistrithe ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Deontais leithdháilte chun Sócmhainní Seasta a Cheannach	451,780	
Deontais amúchta i rith na bliana	(411,337)	
		40,443
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2005		1,162,674

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005

3. TUARASTAIL AGUS PINSIN

	2005 €	2004 €
Tuarastail Chomhlána	2,643,070	2,471,784
Á.S.P.C an fhostóra	106,999	104,778
Asbhaintí Pinsin	(166,509)	(148,698)
	2,750,069	2,576,562

Ar an meán bhí 46 duine fosaithe go lánaimseartha i rith na bliana (2004 – 46), baill Bhoird as an áireamh.

4. CEANGALTAIS AGUS OIBLEAGÁIDÍ LÉASA – Léasanna i bhfeidhm

3 Cearnóg Chluain Sceach

An méid atá iníoctha mar cheangaltais léasa thar an gcéad dhá mhí dhéag eile ná €270,000, measta ar bhonn rátaí cíosa reatha, a chuimsíonn íocaíochtaí cíosa ar léasa, dáta éaga 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an cíos faoi réir athbhreithnithe gach cúig bliana. Rinneadh a leithéid d'athbhreithniú ar an 1 Deireadh Fómhair 2003.

Urlár 1, Bloc 1, 1 Cearnóg Chluain Sceach

An méid atá iníoctha mar cheangaltais léasa thar an gcéad dhá mhí dhéag eile ná €17,500, measta ar bhonn rátaí cíosa reatha, a chuimsíonn íocaíochtaí cíosa ar léasa, dáta éaga 16 Feabhra 2007.

5. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Luach iomlán na gceangaltas caipitil údaraithe amhail an 31 Nollaig 2005 ba ea €219,657.

6. LEASA BHAILL AN BHOIRD

Tá nósanna imeachta glactha ag an mBord de réir treoirlínte eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Baill an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Ní raibh aon idirbheartaíocht shuntasach ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh leasanna buntáisteacha ag baill an Bhoird.

7. PINSIN

a. Scéim Phinsin

Tá scéim sochair shainithe i bhfeidhm ag an Institiúid um Chosaint Raideolaíoch agus is scéim neamhchistithe í seo.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh don nochtadh FRS17 ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun go gcuirfí san áireamh riachtanais FRS17 chun dliteanais scéime a mheas amhail an 31 Nollaig 2005. Seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáidtear chun dliteanais scéime a ríomhadh faoi FRS17

	Amhail na 31/12/2005	Amhail na 31/12/2005
Ráta Lascaine	4.25%	4.5%
Ráta an Mhéadaithe a Mheastar a thiocfaidh ar Thuarastail	4.0%	4.0%
Ráta an mhéadaithe ar an íocaíocht phinsin	4.0%	4.0%
Boilsciú	2.25%	2.25%

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005

7. PINSIN (ar lean)

b. Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsin i rith na bliana

	2005 (€'000)	2004 (€'000)
Maoiniú ar féidir é a aisghabháil maidir le Costais Phinsin don Bhliain Reatha	1,185	957
Deontas Stáit úsáidte chun Íoc as Pinsin	(135)	(152)
	1,050	805

c. Anailís ar na costais iomlána a cuireadh de mhuirear ar Chaiteachas

	2005 (€'000)	2004 (€'000)
Costas seirbhíse reatha	624	466
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	561	491
Ranníocaíochtaí na bhfostaithe	(167)	(149)
	1,018	808

d. Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an RPII méideanna atá dlite ón Stát le haghaidh dliteanais phinsin iarchurtha ar bhonn cúpla imeachta a tharla roimh ré. I measc na n-imeachtaí sin tá tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, agus polasaí agus cleachtach maidir le maoiniú a dhéanamh ar phinsin na seirbhíse poiblí lena n-áirítear an próiseas meastacháin bliantúil. Nil aon fhianaise ag an RPII nach leanfaidh an maoiniú polasaí seo ag freastal go forásach ar an méid de réir an chleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha amhail an 31 Nollaig 2005 agus €13.577 milliún (2004 €12.228 milliún).

e. Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin i rith na bliana airgeadais

	2005 (€'000)	2004 (€'000)
Glandilteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	12,228	9,174
Costas Seirbhíse Reatha	624	466
Costais Úis	561	491
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	299	2,249
Pinsin íoctha i rith na bliana	(135)	(152)
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	13,577	12,228

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005

7. PINSIN (ar lean)

f. Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas taithí

	2005	2004
Méid na (nGnóthachan)/gCaillteanas taithí ar dhliteanais scéime (€'000)	478	443
Céatadán luach reatha na ndliteanas scéime	3%	4%
Iomlán aitheanta in STRGL (€'000)	299	2,249
Céatadán luach reatha na ndliteanas scéime	(2%)	(18%)

g. An éifeacht a bhí ag an Athrú ar Pholasaí Cuntasaíochta

An éifeacht a bhí ag an athrú sa Pholasaí Cuntasaíochta ag eascairt as cur i bhfeidhm FRS 17 ná costas pinsin a thuilltear, seachas íocaíochtaí a dhéantar le Pinsinéirí, a aithint mar chaiteachas i rith na bliana, maille leis méid an mhaoinithe chomhfhreagraigh. Ina theannta sin, cuirtear san áireamh ar an gClár Comhardaithe an dliteanas cnuasaithe le haghaidh Pinsin a bhí tuillte ag Fostaithe amhail an 31 Nollaig 2005, maille leis an tsócmhainn chomhfhreagrach, cé go ndearnadh an dliteanas seo a nochtadh roimhe seo i Nóta. Athluadh na figiúirí comparáideacha le haghaidh 2004 dá réir.

8. FÉICHIÚNAITHE

	2005 €	2004 €
Féichiúnaithe le haghaidh seirbhísí	201,581	261,394
Soláthar do Dhrochfhiacha	(12,082)	0
Réamhíocaíochtaí	197,772	164,129
	387,271	425,523

9. CREIDIÚNAITHE

	2005 €	2004 €
Fabhruithe	387,492	260,642
Ard-Bhailitheoir	5,972	5,506
	393,464	266,148

10. CUNAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Toisc go ndearnadh athrangú ar roinnt d'Ioncam agus de Chaiteachas na hInstitiúide rinneadh figiúirí na bliana roimh ré a athdhearbhú.

11. FAOMHADH AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 25 Iúil 2006.